IHRC

IRISH HUMAN RIGHTS COMMISSION
AN COIMISIÚN UM CHEARTA DUINE



Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine

**Tuarascáil Bhliantúil 2006**

Céadfoilsithe Meán Fómhair 2007

ag

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine
4ú Urlár, Teach Jervis
Sráid Jervis,
Baile Átha Cliath 1

Bunaíodh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine (IHRC) faoi reacht in 2001 chun cearta an duine in Éirinn a chur chun cinn agus a chosaint. Is iad na cearta a bhfuil sainordú ag an gCoimisiún iad a chur chun cinn agus a chosaint ná iad siúd atá ráthaithe i mBunreacht na Éireann mar aon leis na cearta atá cuimsithe san iliomad conarthaí agus coinbhinsiún a bhfuil Éire ina páirtí díobh.



Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine

**Tuarascáil Bhliantúil 2006**

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| **Ráiteas Misin** | iv |
| **Brollach an Uachtaráin** | vi |
| **Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh** | 2 |
| **An Coimisiún** | 6 |
| **Obair Cáis** | 12 |
| **Reachtaíocht agus Athbhreithniú ar Pholasaí** | 18 |
| **Cur Chun Cinn Feasachta ar Chearta an Duine** | 24 |
| **Obair Idirnáisiúnta** | 28 |
| **Seirbhísí Corparáideacha** | 34 |
| **Aguisíní** | 46 |

**"Is é an misean atá againn ná fíorú, cosaint agus feasacht ar chearta an duine a chur chun cinn agus a chothú, do gach duine, i ndlí, i mbeartas agus i gcleachtas"**

# BROLLACH



## Brollach

Ba é 2006 an bhliain dheireannach den chéad phlean straitéiseach de chuid Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine (IHRC), *Ag Cur Chun Cinn agus ag Cosaint Chearta an Duine i Sochaí na hÉireann –2003–2006*. Údar misnigh é tabhairt faoi deara gur baineadh amach an chuid is mó de na cuspóirí  a leagadh amach sa phlean sin agus go bhfuil beagnach gach ceann de na feidhmeanna a sannadh don Choimisiún inár reachtaíocht bunaidh á gcur i bhfeidhm faoi láthair.

Feiniméan réasúnta nua atá in institiúidí náisiúnta um chearta an duine. Bhí níos lú ná scór acu ar fud an domhain deich mbliana ó shin. Inniu tá 60 institiúid náisiúnta a bhfuil creidiúnú 'A' acu agus an méid céanna arís atá ag tnúth leis an gcreidiúnú sin. Le linn na tréimhse giorra a bhfuil sé ar an bhfód, ní hamháin go bhfuil stádas 'A' bainte amach ag an IHRC ach tá sé tagtha chun cinn mar cheannaire idirnáisiúnta, agus é tofa d'Uachtaránacht Ghrúpa na hEorpa d'institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine sa bhliain a bhfuil athbhreithniú a dhéanamh uirthi anseo, mar aon le bheith aitheanta ag na Náisiúin Aontaithe, ag Comhairle na hEorpa agus ag an OSCE mar eagraíocht atá éifeachtach agus í ag éirí níos éifeachtaí, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Ómós nach beag é seo do na Coimisinéirí agus don fhoireann ach freisin is aitheantas é ar chaighdeán na reachtaíochta – an tAcht um Choimisiún Chearta an Duine 2000, a bhunaigh agus a shainmhínigh an IHRC agus a bhfuil níos mó agus níos mó aitheantais aige anois mar eiseamláir d'institiúidí náisiúnta nua.

Tá an IHRC gníomhach ach go háirithe san iniúchadh a dhéanann sé ar reachtaíocht, agus tá níos mó tagartha á dhéanamh ar a bhreithnithe i ndíospóireachtaí Oireachtais agus ag coistí an Oireachtais. Tá an Coimisiún muiníneach go bhfuil ról luachmhar le comhlíonadh aige ó thaobh cinntiú go bhfuil gach píosa reachtaíochta ag teacht le cearta an duine, rud nach n-éascaíonn nósanna imeachta an Oireachtais i gcónaí mar a sheasann rudaí faoi láthair. Táimid ag súil le díospóireacht maidir leis an ábhar seo agus beimid ag súil le hathrú a fheiceáil. Tá an IHRC ag súil ach go háirithe go mbeidh comhpháirteachas níos mó aige le lucht déanta beartais i ranna rialtais agus le baill den Oireachtas ag na céimeanna luatha de reachtaíocht.

Lean an IHRC i rith na bliana seo caite ag plé le réimsí móra beartas inár tháinig saincheisteanna maidir le cearta an duine chun cinn, agus d'fhoilsigh sé breithnithe nó páipéir ar shaincheisteanna cosúil le 'hAistriú Úrghnách', cosaint leanaí, lanúineacha *de facto*, pianbhreitheanna neamh-fhoirceannta, oibreoirí imirceacha, Lucht Siúil agus inimirce. Údar mórtais ach go háirithe a bhí ann i rith na bliana go raibh ról lárnach ag an IHRC i measc na n-institiúidí náisiúnta um chearta an duine san obair a raibh glacadh le Coinbhinsiún nua na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine le Míchumas mar thoradh uirthi.

I rith na bliana seo caite, láithrigh an IHRC roimh an gCúirt Uachtarach mar '*amicus curiae*' (cara den chúirt) sa chás go raibh saincheisteanna maidir le cearta an duine i gceist, mar aon le tabhairt faoin gcéad sraith d'fhiosruithe maidir le saincheisteanna  a tháinig chun cinn ónár bhfeidhm i ndáil le hobair cáis. Lean an Coimisiún ag plé go tairgiúil le raon comhlachtaí monatóireachta idirnáisiúnta agus rinne sé iarracht na leibhéil feasachta maidir le cearta an duine i sochaí na hÉireann go ginearálta a ardú ar líon bealaí.

Comhlacht réasúnta nua atá ionainn i gcónaí, agus tá ár n-acmhainní srianta. Má tá uainn a bheith éifeachtach agus fíor-dhifríocht a dhéanamh, tá a fhios againn nár mhór dúinn a bheith dírithe i ngach a ndéanaimid; nár cheart dúinn an obair atá á déanamh ag daoine eile a dhéanamh arís, ach a bheith ag obair as lámha a chéile le comhlachtaí eile um chearta an duine,

bíodh siad neamh-rialtasach nó reachtúil, chun cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint. Tá a fhios againn gurb é an cion tairbhe speisialta atá againn ná ár saineolas, ár n-údarás agus ár neamhspleáchas a thairiscint do na comhlachtaí agus do na cumainn seo, agus ar ndóigh don phobal níos leithne, chun a chinntiú, ní hamháin go bhfuil beartas agus cleachtas ag teacht leis na noirm a bhfuil comhaontú go hidirnáisiúnta orthu, ach freisin go mbeidh ár dtír ina heisleamáir ó thaobh dea-chleachtas maidir le cearta an duine.

Tháinig deireadh le saol an chéad Choimisiúin sa bhliain a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh anseo uirthi. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis na coimisinéirí sin uile a d'fhreastail ar an gCoimisiún bunaidh sin, go háirithe iad siúd a bhfuil a dtéarmaí thart nó a d'éirigh as i rith na tréimhse sin– an Breitheamh Donal Barrington, an Breitheamh Maureen Harding Clark, Martin Collins, Nuala Kelly, Jane Liddy, Clodach McGrory, agus an tOllamh Fionnuala Ní Aoláin, as ucht a dtiomantas agus a gcoimitmint.

Ar deireadh, gabhaim buíochas leis na Coimisnéirí uile, lenár bhfoireann atá ar fheabhas agus atá thar a bheith proifisiúnta agus lenár bPríomhfheidhmeannach, an Dr Alpha Connelly.



An Dr Maurice Manning
Uachtarán

# RÉAMHRÁ



## Réamhrá

I rith 2006, rinne Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine (IHRC) tuilleadh dul chun cinn ó thaobh a fhorbartha de. Den chéad uair, sholáthar an Coimisiún ionadaíocht dhlíthiúil do dhuine in imeachtaí roimh an Ardchúirt ina raibh saincheisteanna um chearta an duine i gceist. Ghlac sé páirt mar *amicus curiae* i líon níos mó cásanna os comhair na gcúirteanna uachtaracha. Chríochnaigh sé a chéad fhiosrúchán (i ndáil le hábhar a bhain le pinsin) agus rinne sé tuarascáil faoin bhfiosrúchán.

Den chéad uair freisin, chuir an tAire Gnóthaí Eachtracha píosa reachtaíochta faoi bhráid an Choimisiúin agus thug an Coimisiún a thuairimí don Aire maidir le himpleachtaí maidir le cearta an duine a bheadh ag an reachtaíocht molta. Anuas air sin, bhí cruinniú ag an gCoimisiún le hoifigigh ón Roinn Cosanta chun a chinntiú go gcomhlíonann reachtaíocht maidir le hábhair mhíleata go hiomlán le forálacha Choinbhinsiún na hEorpa ar Chearta an Duine. D'eagraigh an Coimisiún cúrsa oiliúna, i gcomhpháirt le comhlachtaí eile, ar chearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha. Chuaigh sé i mbun cathaoirleachta ar Ghrúpa na hEorpa d'institiúidí um chearta an duine na hEorpa. Chomhoibrigh sé go dlúth le comhlacht reachtúil eile, Fear an Phobail do Leanaí, agus é ag cur aighneachtaí faoi bhráid Coiste Idirnáisiúnta ar Chearta an Duine; agus chuir sé go substaintiúil leis na hidirbheartaíochtaí ag na Náisiúin Aontaithe i ndáil le coinbhinsiún idirnáisiúnta ar chearta daoine le míchumas.

Bhí cruinniú ag an gCoimisiún le hArd-Choimisinéir do Chearta an Duine na Náisiún Aontaithe, Louise Arbour, agus le hionadaithe ó Choiste na hEorpa in Aghaidh Céastóireachta agus in Aghaidh Íde atá Cruálach nó Táireach. Tionscnaíodh Fóram Comhairleach um Chearta an Duine de chuid na bPríomhfheidhmeannach agus a gcomhionann i gcomhlachtaí neamhspleácha reachtúla i réimse chearta an duine ar mhaithe le plé a dhéanamh ar ábhair a bhfuil leas coiteann acu ann agus ar mhaithe le feabhas a chur ar chomhoibriú agus ar chomhordú eatarthu. I mí na Nollag, reáchtáil an Coimisiún léacht tionscnaimh ar chearta an duine chun *Lá Idirnáisiúnta um Chearta an Duine* a chomóradh.

In éineacht leis na forbairtí seo, lean na gnáth-ghníomhaíochtaí ar aghaidh laistigh de na cheithre aonad oibre bhunúsacha atá ag an gCoimisiún: Obair Cáis, Oideachas agus Feasacht ar Chearta an Duine, Reachtaíocht agus Beartas, agus Riarachán.

Próiseáladh iarratais ó dhaoine aonair ar an mbunús gur cheart don Choimisiún fiosrúcháin a sheoladh i ndáil le réimse leathan ábhar a bhaineann le cearta an duine. Rinneadh cinntí maidir le hiarratais do chúnamh i ndáil le himeachtaí dlí ina raibh saincheisteanna maidir le cearta an duine i gceist. Rinneadh breithniú ar fhógraí faoin Acht um Choinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine.

Ba sciar suntasach de ghníomhaíochtaí taighde an Choimisiúin na moltaí reachtúla a chuir an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí faoina bhráid. Cuireadh roinnt taighde amach ag comhlachtaí seachtracha, pianbhreitheanna neamh-fhoirceannta agus cearta lanúineacha neamh-phósta (idir lanúineacha den ghnéas eile agus den ghnéas céanna) ach go háirithe.

Reáchtáladh comhdhálacha agus seimineáir ar réimse téamaí a bhain le cearta an duine, agus lean an Coimisiún ag glacadh páirte i dtionscadal Thuaidh/Theas maidir le hoideachas faoi chearta an duine i mbunscoileanna.


Ghlac an Coimisiún páirt freisin sa Chomhchoiste le Coimisiún Tuaisceart Éireann um Chearta an Duine, agus d'fhreastail sé ar chruinnithe den Choiste Comhordaithe Idirnáisiúnta agus de

Ghrúpa na hEorpa d'institiúidí náisiúnta um chearta an duine.

Tá cur chuige céimneach maidir lena fhorbairt glactha chuige féin ag an gCoimisiún. I bhfómhar na bliana 2005, cuireadh moltaí faoi bhráid an Choimisiún agus tugadh faomhadh dóibh i ndáil leis an dara céim dá fhorbairt. Áiríodh leo seo bunú líon post foirne nua chun cur ar chumas an Choimisiúin aghaidh a thabhairt ar an méid oibre atá le láimhseáil aige, a struchtúr eagrúcháin a threisiú agus deiseanna gairmiúla don fhoireann a fheabhsú. I rith 2006, tapaíodh an deis chun áitribh bhreise a fháil san fhoirgneamh céanna le hoifigí an Choimisiúin chun ligint do leathnú, agus trialadh dul faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí d'fhonn faomhadh a fháil ón Rialtas do na poist nua seo.

In 2006 tháinig deireadh le céad Phlean Stráitéiseach an Choimisiúin, a chuimsigh na blianta 2003 to 2006. Díol suntais é do chomhlacht a bhfuil líon foirne chomh beag sin aige go bhfuil an chuid is mó den Phlean curtha i gcrích aige agus níos mó ná sin fiú. Tá an taifead ina fhianaise do chumas, do thiomantas agus d'fhuinneamh na gCoimisinéirí agus na foirne araon.

Chuaigh Coimisiún 'nua' i seilbh Oifige i nDeireadh Fómhair 2006 agus ba ghearr gur thosaigh sé ag déanamh breithnithe ar struchtúr agus ar ábhar an dara plean straitéiseach de chuid an Choimisiúin. Ba chóir go bhfaigheadh moltaí measartha an Choimisiúin do bhaill foirne bhreise freagra dearfach ag an am seo. Anuas air sin, tá sé tábhachtach nach mbeadh an Coimisiún curtha i suíomh ina mbeadh poist aonair ag fáil faomhadh de rogha na nAirí ábhartha. Ba cheart, ina áit sin, go ndéanfaí breithniú agus go dtabharfaí faomhadh do na moltaí le chéile, mar a bhí beartaithe ó thús, ar an gcaoi sin ag cur ar chumas an Choimisiúin dul ar aghaidh ag an dara céim dá fhorbairt agus ag cur leis an gcáil shuntasach atá aige cheana.



Alpha Connelly
Príomhfheidhmeannach

# AN COIMISIÚN



## Baill an Choimisiúin

Is iad seo a leans baill Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine in 2006 (ón mbarr, clé go deas):

An Dr. Maurice Manning (Uachtarán)
An tOllamh William Binchy **
Olive Braiden Uasal**
An Dr Rosemary Byrne ***
An tUasal Martin Collins *
An tOllamh Robert Daly **
Suzanne Egan Uasal **
An tUasal Michael Farrell **
An Breitheamh Maureen Harding Clark *
Nuala Kelly Uasal *
Alice Leahy Uasal ***
Clodach McGrory Uasal *
An tOllamh Fionnuala Ní Aoláin *
Lia Hegarty Uasal ***
An tUasal Tom O'Higgins **
An tOllamh Helen O'Neill ***
An tOllamh Gerard Quinn **
An tUasal Roger Sweetman ***
An tUasal Mr Mervyn Taylor **
An Dr Katherine Zappone **

* Coimsinéirí a chríochnaigh a dtéarma in 2006
** Coimsinéirí a ceapadh arís don dara téarma
*** Coimsinéirí a ceapadh den chéad uair in 2006



## An Coimisiún

Comhlacht reachtúil é Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine (IHRC) agus tagann a bhallraíocht, a fheidhmeanna agus a chumhachtaí ó Achtanna Choimisiún um Chearta an Duine 2000 agus 2001.

### Ról agus Feidhmeanna

Is é an ról atá ag an IHRC ná cearta an duine gach duine sa Stát a chur chun cinn agus a chosaint. Chun na críche seo, tugadh raon leathan feidhmeanna dó. Is iad na feidhmeanna seo:

- athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar éifeachtacht dlí agus cleachtais sa Stát i ndáil le cosaint chearta an duine
- sa chás go ndéanann Aire Rialtais iarratas, scrúdú a dhéanamh ar aon mholadh reachtúil agus a thuairimí a thabhairt maidir le haon impleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag a leithéid de mholadh ar chearta an duine.
- dul i gcomhairle lena leithéid de chomhlachtaí nó gníomhaireachtaí náisiúnta nó idirnáisiúnta a bhfuil eolas nó saineolas acu i réimse chearta an duine de réir mar a mheasann sé a bheith cóir
- bíodh sé dá dheoin féin nó ar iarratas ón Rialtas é a dhéanamh, a leithéid de mholtaí a dhéanamh don Rialtas a measann sé a bheith oiriúnach i ndáil leis na bearta a cheapann an Coimisiún gur cheart iad a dhéanamh d'fhonn cearta an duine a threisiú, a chosaint agus a chumhdú sa Stát.
- tuiscint agus feasacht ar thábhacht chearta an duine a chur chun cinn sa Stát agus, chun na críche sin, tabhairt faoi, urraíocht a thabhairt, coimisiúnú a dhéanamh, nó cúnamh airgid nó eile a thabhairt, do ghníomhaíochtaí taighde agus oideachais.
- fiosrúcháin a sheoladh
- ullmhú agus foilsiú, i cibé slí a mheasann sé a bheith cóir, tuarascálacha ar aon taighde a tugadh faoi, a urrú, a coimisiníodh nó ar thug sé cúnamh dó i ndáil le fiosrúcháin
- iarratas a dhéanamh don Ardchúirt nó don Chúirt Uachtarach le haghaidh saoirse chun láithriú roimh an Ardchúirt nó an Chúirt Uachtarach, de réir mar atá an cás, mar amicus curiae in imeachtaí dlí roimh an chúirt sin ina bhfuil cearta an duine aon duine i gceist nó a bhaineann leo agus chun láithriú mar a leithéid d'amicus curiae de bhun a leithéid de shaoirse a bheith tugtha
- a leithéid de ghníomh atá riachtanach a dhéanamh chun an comh-choiste d'ionadaithe an Choimisiún agus Coimisiúin Tuaisceart Éireann um Chearta an Duine a bhunú agus chun a bheith páirteach ann
- cúnamh a thabhairt do dhaoine i ndáil le himeachtaí dlí a bhaineann le dlí nó le cleachtas ina bhfuil cosaint chearta an duine i gceist
- imeachtaí dlí a thionscnamh chun cearta an duine duine nó aicme daoine a chosaint.

### Cearta an Duine

Is iad cearta an duine ar bunaíodh an IHRC d'fhonn iad a chosaint ná iad sin atá ráthaithe do dhaoine ag an mBunreacht agus ag na comhaontuithe idirnáisiúnta sin a bhfuil an Stát ina pháirtí díobh.

### Ballraíocht

Tá Uachtarán agus 14 ball eile ag an Coimisiún, ar

cheap an Rialtas iad ar fad. Éilíonn an reachtaíocht a bhunaigh an Coimisiún go mbeadh ní lú ná seachtar de bhaill ina mná agus ní lú ná seachtar ina bhfir.

D'éag téarma oifige gach ball den Choimisiún seachas an tUachtarán an 24 Iúil 2006. Go dtí an dáta seo, ba iad baill an Choimisiúin:

- An Dr Maurice Manning (Uachtarán)
- An tOllamh William Binchy
- Olive Braiden Uasal
- An tUasal Martin Collins
- An tOllamh Robert Daly
- Suzanne Egan Uasal
- An tUasal Michael Farrell
- Maureen Harding Clark Uasal
- Nuala Kelly Uasal
- Clodach McGrory Uasal
- An tOllamh Fionnuala Ní Aoláin
- An tUasal Tom O'Higgins
- An tOllamh Gerard Quinn
- An tUasal Mervyn Taylor
- An Dr Katherine Zappone

In Meitheamh 2006 scríobh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ag na Coimisinéirí a bhí ag fágáil, ag fiafraí díobh é a chur ar an eolas má bhí spéis acu ceapachán a fháil arís.

Iarradh ar léirithe spéise chun ceapachán a fháil ar an gCoimisiún freisin ón bpobal trí fhógraí; agus bhunaigh an tAire Coiste neamhspleách a raibh ceathrar air chun breithniú a dhéanamh ar aon léiriú spéise a fuarthas agus d'fhonn moltaí a dhéanamh dó maidir leis seo. Mar thoradh ar an bpróiseas seo, cheap a Rialtas 5 ball nua.

Bhí bearna de bheagán os cionn 2 mhí sular cuireadh tús le téarma oifige na gCoimisinéirí 'nua'. I rith na tréimhse seo, ba é an Dr Maurice Manning an t-aon bhall a bhí ag an gCoimisiún.

Is iad an 14 ball den Choimisiún 'nua' a ghlac oifig an 2 Deireadh Fómhair 2006 ná:

- An tOllamh William Binchy
- Olive Braiden Uasal
- An Dr Rosemary Byrne
- An tOllamh Robert Daly
- Suzanne Egan Uasal
- An tUasal Michael Farrell
- Alice Leahy Uasal
- Lia O'Hegarty Uasal
- An tUasal Tom O'Higgins
- An tOllamh Helen O'Neill
- An tOllamh Gerard Quinn
- An tUasal Roger Sweetman
- An tUasal Mr Mervyn Taylor
- An Dr Katherine Zappone

Tá beathaisnéisí gearra bhaill an Choimisiúin i rith an chéad leath den bhliain, chomh maith leis na baill nua a ceapadh san Fhómhar, le fáil in Aguisín 1.

### Seisiún Iomlánach agus Coistí

Tagann an Coimisiún le chéile i seisiún iomlánach thart ar uair amháin in aghaidh na míosa. Tagann Coimisinéirí le chéile ó am go ham ag brath ar a mballraíocht de choistí áirithe an Choimisiúin. Tuairiscíonn coistí don seisiún iomlánach.

Tháinig an Coimisiún le chéile naoi n-uaire i seisiún iomlánach in 2006. De bharr an bhearna a bhí ann i gceapachán an Choimisiúin 'nua', ní raibh aon chruinniú ann i mí Iúil, mí Lúnasa nó mí Mheán Fómhair. Reáchtáladh cruinniú iomlánach i ngach mí eile.

Ag tús na bliana, bhí 11 Coiste ag an gCoimisiún. Ba iad sin:

- Coiste *Ad Hoc* ar Aistriú Úrghnách
- Coiste Obair Cáis
- Coiste ar Riarachán Dlí agus Cirt
- Coiste ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha
- Coiste ar Inscne agus Comhionannas

- Coiste ar Rialachas agus Bainistíocht
- Coiste ar Mhíchumas
- Coiste Airgeadais agus Iniúchta
- Coiste ar Chiníochas
- Coiste Íocaíochta
- Coiste Taighde

Agus an Coimisiún 'nua' á cheapadh, tapaíodh an deis chun an líon Coistí a réasúnú agus a laghdú.

Ag deireadh na bliana, bhí cúig Choiste agus dhá Choiste Ad Hoc ag an gCoimisiún. Ba iad seo::

- Coiste Obair Cáis
- Coiste ar Riarachán Dlí agus Cirt
- Coiste ar Inscne, Comhionannas, Míchumas agus ar Chearta Eacnamíocha, Sóisialta agus Cultúrtha
- Coiste ar Chiníochas, Imirce agus Gainneáil
- Coiste Airgeadais, Iniúchta agus Críocha Ginéarálta
- Coiste *Ad Hoc* ar Chéad Phlean Straitéiseach eile an Choimisiúin
- Coiste *Ad Hoc* ar Aistriú Úrghnách

Tá ballraíocht, líon cruinnithe agus na téarmaí tagartha atá ag gach ceann de na Coistí le fáil in Aguisín 2.

# OBAIR CÁIS

## Obair Cáis

Tá ceithre fheidhm ábhartha ag an gCoimisiún a thagann faoin gcatagóir d'obair cáis agus tá siad seo leagtha amach i míreanna 8 go 11 d'Acht Choimisiún um Cearta an Duine 2000 ('an tAcht'). Is iad na feidhmeanna seo ná:

- Breithniú a dhéanamh ar iarratais d'fhiosrúchán ar ábhar ábhartha a bhaineann le cearta an duine nó fiosrúcháin a thionscnamh dá dheoin féin
- Breithniú a dhéanamh ar iarratais do chúnamh i ndáil le himeachtaí dlí a bhaineann le dlí nó le cleachtas chearta an duine
- A shaineolas i ndlí chearta an duine a thairiscint do na cúirteanna uachtaracha, i gcásanna feiliúnacha a bhaineann le saincheisteanna chearta an duine, mar *amicus curiae* nó 'cara leis an gcúirt'.
- Imeachtaí a thionscnamh chun cearta an duine atá ag daoine sa Stát a chosaint.

### Forbhreathnú


Bliain a bhí in 2006 inar lean an Coimisiún ag comhdhlúthú a fheidhmeanna obair cáis, laistigh de na srianta a chuir a acmhainní daonna air. Leanadh le seoladh an chéad agus an dara fiosrúchán de chuid an Choimisiúin. Chuir an Coimisiún cúnamh dlíthiúil ar fáil do dhuine i ndáil le himeachtaí *habeas corpus* san Ardchúirt agus láithrigh sé freisin roimh na Cúirteanna Uachtaracha mar *amicus curiae* nó 'cara leis an gcúirt'.

### Cumarsáidí a fuair an Coimisiún

Lean an líon daoine ag dul faoi bhráid an Choimisiún ag ardú, mar atá léirithe in Figure 1. I rith 2006, fuair an Coimisiún cumarsáidí indibhidiúla ó 306 duine nó eagraíocht.


In 2006, fuarthas 242 cumarsáid ón bpobal; fuarthas 137 (57%) díobh sin ó fhir, agus fuarthas 105 (43%) ó mhná. Léirítear é seo i bhFigiúr 2. Fuarthas an 64 cumarsáid eile ó eagraíochtaí nó i ndáil le fógraí faoi imeachtaí dlí nó iarratais *amicus curiae*, agus dá bharr sin, ní féidir iad a aicmiú de réir inscne.

**Figiúr 1: Líon na gcumarsáidí obair cáis a fuarthas de réir bliana**




Fuarthas na seacht gcumarsáid in 2000 roimh bhunú foirmeálta an Choimisiúin in Iúil 2001.

**Figiúr 2: Miondealú ar chumarsáid a fuarthas in 2006 de réir inscne**




Mar a tharla sna blianta roimhe seo, in 2006 ba é an bealach is coitianta ar bhain daoine úsáid as chun teagmháil leis an gCoimisiún, i dtéarmaí feidhmeanna obair cáis an Choimisiúin, ná fiosrúchán ar an teileafón. Léirítear é seo i bhFigiúr 3 a thugann miondealú ar chumarsáidí obair cáis a fuarthas in 2006 de réir catagóire agus de réir míosa.


### Iarratais ar Fhiosrúcháin agus Iarratais ar Chúnamh

Ag tús na bliana 2006, bhí riaráiste de 25 iarratas foirmeálta ar fhiosrúchán agus/nó iarratas ar chúnamh don Choimisiún. I gcaitheamh na bliana, rinne an Coimisiún breithniú agus cinneadh ar 7 iarratas foirmealta ar fhiosrúchán a rinneadh dó agus 5 iarratas foirmeálta ar chúnamh a rinneadh dó. Léirítear cinntí an Choimisiúin maidir le hiarratais ar fhiosrúcháin agus/nó iarratais ar chúnamh, mar aon lena chinneadh ar iarratas *amicus curiae*, i bhFigiúr 4.


Agus é ag déanamh measúnú ar iarratas ar fhiosrúchán nó iarratas ar chúnamh atá déanta air, d'fhéadfadh an Coimisiún soiléiriú a iarradh maidir le nithe áirithe nó eolas nó cáipéisíocht shonrach a iarradh ó chomhlachtaí reachtúla eile. Beidh sé seo sa bhreis ar ghnáth-atreoruithe cáis neamhfhoirmeálta le comhlachtaí reachtúla eile. Sa chás go ndéanann an Coimisiún cinneadh fiosrúchán a sheoladh maidir le hábhar ábhartha, is dócha go lorgóidh an Coimisiún faisnéis agus cáipéisíocht ó na comhlachtaí reachtúla. Tá an Coimisiún ag brath ar chomhoibriú comhlachtaí reachtúla chun a fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh.

In 2006, scríobh an Coimisiún ag 6 chomhlacht reachtúil, le linn measúnú a dhéanamh ar iarratas ar fhiosrúchán nó iarratas ar chúnamh nó le linn fiosrúchán a sheoladh. Lorg sé fáisnéis agus cáipéisíocht laistigh de chreat ama sonraithe. Den chuid is mó, fuarthas freagraí laistigh den chreat ama a moladh nó go gairid ina dhiaidh sin. Léiríonn

**Figiúr 3: Catagóir na gcumarsáidí obair cáis a fuair an Coimisiúin in 2006**




**Figiúr 4: Cinntí Obair Cáis a thóg an Coimisiún in 2006**



**Figiúr 5: Cumarsáidí le Comhlachtaí Reachtúla**

| | Roinn Oideachais agus Eolaíochta | Roinn Sláinte agus Leanaí | Roinn Ghnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh | Oifig Stiúrthóir nIonchúiseamh Poiblí | Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte | An Garda Síochána |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Freagra faighte in am | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | |
| Déanach nó gan aon fhreagra faighte * | | | ✔ | | | ✔ |

* Tagraíonn freagra déanach do fhreagra a fuarthas 4 seachtaine thar an tréimhse a bhí ordaithe.

bhFigiúr 5 an comhlacht reachtúil ábhartha ar lorgadh an fhaisnéis nó an cháipéisíocht uaidh mar aon leis an méid freagraí a fuarthas in am.

### Fiosrúcháin Leanúnacha

Ag leanacht ar chinntí an Choimisiúin in 2005 a chéad agus a dara fiosrúchan a sheoladh, lean seoladh na bhfiosrúchán seo i rith 2006.

Rinne an Coimisiún a chéad fhiosrúchán ar iarratas ó lanúin féin-fhostaithe ar scor a mhaígh go raibh orthu ranníocaíocht a dhéanamh do phinsean seanaoise ranníocach nach mbeadh siad in ann tairbhe a bhaint as nuair a bheadh siad scortha. Rinne an Coimisiún an cinneadh gur ceart an fiosrúchán a sheoladh go príobháideach, agus go mbeadh torthaí an fhiosrúcháin curtha ar fáil don phobal. I rith na bliana, lean an Coimisiún i mbun cumarsáide leis an Roinn Ghnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus le heagraíochtaí agus le daoine ábhartha eile maidir leis an bhfiosrúchán. Cuireadh dréacht de thuarascáil an fhiosrúcháin ar aghaidh ag na páirtithe go deireannach in 2006. Críochnaíodh an fiosrúchán agus níor cuireadh ar fáil don phobal é ag deireadh na bliana.

Rinne an Coimisiún a dhara fiosrúchán ar iarratas ó náisiúnach coigríche a mhaígh gur tugadh droch-íde dó nuair a tháinig sé i dtír ag Aerfort Bhaile Átha Cliath in Eanáir 2003. Mar a rinne siad leis an gcéad fhiosrúchán, bheartaigh an Coimisiún go seolfar an fiosrúchán go príobháideach, agus go gcuirfear torthaí an fhiosrúcháin ar fáil don phobal. Bhí an fiosrúchán ag dul ar aghaidh ag deireadh na bliana.

### Cúnamh a Deonaíodh

In Deireadh Fómhair 2006 bhronn an Coimisiún cúnamh ionadaíochta dlíthiúla do dhuine a bhí á choinneáil in ospidéal meabhair-ghalar d'fhonn dúshlán a thabhairt do dhlíthiúlacht a choinneála trí Iarratas a dhéanamh faoi Airteagal 40.4.2° (foráil habeas corpus) den Bhunreacht. Bhain an cás, *J.H. v Vincent Russell, Clinical Director of Cavan General Hospital*, a raibh Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte agus an Coimisiún um Shláinte Meabhair ina bPáirtithe Fógra, le coinneáil neamh-toilteanach an duine ó Márta 2003 faoin Acht Cóireála Meabhair-Ghalar 1945, agus níos deireannaí faoin Acht um Mheabhair-Shlainte 2001.

Bhronn an Coimisiún cúnamh ar an mbunús gur tharraing an cás aird ar cheist prionsabail; sé sin a mhéid is féidir duine a choinneáil go fadtéarmach i gcomhthéacs na caighdeáin chearta an duine

faoin mBunreacht agus faoi Choinbhinsiún na hEorpa um Cearta an Duine araon. Éistíodh leis an gcás ar feadh dhá lá roimh Ardchúirt i mí na Nollag 2006, agus thug an Chúirt le fios go dtabharfadh sé breithiúnas ar an ábhar go luath in 2007. Ba é seo an chéad uair a bhronn an Coimisiún ionadaíocht dhlíthiúil do dhuine roimh Ardchúirt faoi alt 10 dá reachtaíocht.

## Láithrithe *Amicus Curiae*

### Acht Choinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine

Mar a tharla sna blianta roimhe seo, lean an Coimisiún ag fail fógraí cáis faoi Acht Choinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine 2003 ('an ECHRA') (féach ar an iontráil sa Tuarascáil Bhliantúil do 2005). In 2006 ba é 43 an líon fógra cáis a fuarthas faoin ECHRA nó eile (cosúil le cóipeanna comhlántachta d'imeachtaí a bhaineann le saincheisteanna chearta an duine nó cásanna a luadh do na Cúirteanna Uachtaracha).

Tá ceangail idir fógraí cáis agus feidhm an Choimisiúin mar amicus curiae (nó 'cara leis an gCúirt'). Ag tús 2006 bhí baint ag an gCoimisiún i gcónaí le 2 láithriú amicus curiae sna himeachtaí *Lawrence & eile v Comhairle Bhaile Bhéal an Átha & eile* (Ardchúirt) agus *Carmody v an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Éire agus an tArd-Aighne* (Chúirt Uachtarach ).

### Lawrence & eile v Comhairle Bhaile Bheál an Átha

Bhain *Lawrence* le dúshlán don Acht Fhorálacha Tithíochta (Ilghnéitheach) 2002 (an reachtaíocht um fhoghail choirpeach) mar aon le hábhair eile ghaolmhara lena n-áirítear machnamh ar an méid a d'fhéadfadh oibleagáid a bheith ar údaráis áitiúla chun lóistín feiliúnach a sholáthar do theaghlaigh de chuid an Lucht Siúil (féach ar an iontráil sa Tuarascáil Bhliantúil do 2005). In Eanáir 2006 uamadh an tÚdarás Comhionannais freisin mar *amicus curiae* sa chás. Níor éistíodh leis an gcás roimh dheireadh na bliana.

### Carmody v an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

Bhain Carmody le scrúdú ar an méid ar cheart don scéim um chúnamh dlíthiúil coirpeach an méid céanna ionadaíochta a thabhairt don chúisí mar atá ar fáil don ionchúiseamh i dtriail choirpeach (féach ar an iontráil sa Tuarascáil Bhliantúil do 2005). Níor éistíodh leis an gcás roimh dheireadh na bliana.

### Bord um Chúnamh Dlíthiúil v Breitheamh Dúiche Patrick Brady

In Aibreán 2006 thug an Ardchúirt cuireadh don Choimisiún páirt a ghlacadh sna himeachtaí *Bord um Chúnamh Dlíthiúil v Breitheamh Dúiche Patrick Brady, Bord Sláinte an Limistéir ó Thuaidh & Eile*. Is é a bhí faoi chaibidil sa chás seo ná an é go raibh an ceart ag máthair a raibh máchail intinne aici cúnamh Caomhnóra ad Litem a fháil in imeachtaí chúram leanaí a bhain lena linbh naíonáin agus más ea, an é gur cheart don Bhord um Chúnamh Dlíthiúil na costais a bhainfeadh lena leithéid de dhuine a íoc sa chás go raibh cúnamh dlíthiúil bronnta cheana sna himeachtaí. I mí Bealtaine, ghéill an Coimisiún d'iarratas na Cúirte agus ina dhiaidh sin láithrigh sé mar *amicus curiae* sa chás. I mí Meithimh, d'iarr an Chúirt ar an gCoimisiún aighneachtaí acomhair a chur faoi bhráid na Cúirte chun cabhrú leis cinneadh a dhéanamh an é go ndéanfadh sé breithniú ar na hargóintí gnásúla agus substaintúla sa chás le chéile nó ar leithligh. Níor éistíodh leis an gcás roimh dheireadh na bliana.

Bheartaigh an Coimisiún gan géilleadh do 1 iarratas *amicus curiae* i rith na bliana, nuair a


rinneadh breithniú air i gcomhthéacs a *dTreoirlínte Amicus Curiae*.

## Cineálacha 'Cumarsáidí' a fuarthas

Mar a tharla sna blianta roimhe seo, tharraing na cumarsáidí a fuair an Coimisiún anuas saincheisteanna ón raon iomlán de chearta an duine. I dtéarmaí réimsí oibre atá chun tosaigh don Choimisiún, a bhfuil cur síos orthu ina *Plean do 2003–2006*, is iad na réimsí seo:

- cearta sibhialta agus polaitiúla (riaradh cirt)
- cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha
- saincheisteanna tras-ghearrtha (lena n-áirítear cinóchas, inimirce, míchumas, inscne, comhionannas agus difríocht dhaonna, leanaí agus daoine scothaosta).

**Figiúr 6: Príomhréimsí oibre agus cumarsáidí a fuair an Coimisiún in 2006**




Mar a léiríodh i bhFigiúr 6, nuair a dhéantar measúnú air de réir phríomhréimsí oibre an Choimisiúin, fuarthas an líon céanna cumarsáidí le linn 2006 i ndáil le saincheisteanna a bhaineann le riaradh cirt (RC) (32.3%) is a bhain le réimsí tosaíochta tras-ghearrtha (TG) (31.7%). Mar a tharla sna blianta roimhe seo, ní raibh sna cumarsáidí a fuarthas a bhain le cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha (ESC) ach céatadán beag de na cumarsáidí ar fad (12%).

Taispeántar na cumarsáidí sin a fuarthas in 2006 a bhain le saincheisteanna a bhí taobh amuigh de phríomh-réimsí oibre an Choimisiúin i bhFigiúr 6 faoin teideal 'Eile' agus áirítear leo ábhair a bhaineann le aighnis i ndáil le maoin nó le talamh, aighnis a bhain le dlí an teaghlaigh, cánachas agus caidrimh thionsclaíocha

# ATHBHREITHNIÚ AR REACHTAÍOCHT AGUS AR BHEARTAS

## Athbhreithniú ar Reachtaíocht agus ar Bheartas

Agus é ag comhlíonadh a fheidhmeanna maidir le hathbhreithniú ar reachtaíocht agus ar bheartas in 2006, fuair an Coimisiún treoir, mar a fhaigheann sé le gach ceann dá fheidhmeanna, ó na príomhréimsí oibre a aithníodh ina *Phlean Straitéiseach 2003–2006*. Is iad seo:

- Cearta sibhialta agus polaitiúla, agus iad ag díriú ach go háirithe ar riaradh cirt
- Cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha
- Saincheisteanna trasghearrtha, is é sin, ciníochas, daoine le míchumais, insnce, mar aon le comhionannas agus difríocht dhaonna.

### Reachtaíocht

I ndáil le reachtaíocht, baintear feidhm as dhá cheann d'fheidhmeanna an Choimisiúin:

- é sin faoi alt 8(b) den Acht Choimisiún Cearta an Duine 2000, inar féidir le haon Aire Rialtais moltaí reachtúla a chur faoi bhráid an Choimisiúin d'fhonn a chuid tuairimí a fháil ar na himpleachtaí i ndáil le cearta an duine a bheadh ag na moltaí
- é sin faoi alt 8(d) den Acht, inar féidir leis an gCoimisiún moltaí a dhéanamh don Rialtas ar a thionscnamh féin i ndáil le reachtaíocht nó moladh reachtúil.

Agus é ag comhlíonadh na bhfeidhmeanna seo, aithníonn an Coimisiún na caighdeáin chearta an duine ábhartha idirnáisiúnta agus bunreachtúla i réimse áirithe den dlí agus déanann sé moladh d'Airí agus don Rialtas faoin gcaoi ar féidir aitheantas a thabhairt do na caighdeáin seo i reachtaíocht na hÉireann. Ligeann obair an Choimisiúin sa réimse seo dó tionchar a imirt ar an bpróiseas ina ndréachtar reachtaíocht, agus freisin chun feasacht agus díospóireacht phoiblí a chur chun cinn i ndáil le saincheisteanna chearta an duine mar chuid den phróiseas reachtúil. Ceann de na príomhchuspóirí oibríochta a bhí ag an gCoimisiún i rith 2006 ná chun díriú ar thionchar a imirt ar an bpróiseas reachtúil chomh luath agus is féidir. Chun na críche seo, chuaigh an Coimisiún i ngleic go rathúil le Ranna Rialtais i rith 2006 ag an gcéim dréachtaithe de mholtaí reachtúla éagsúla agus tá sé tiomanta dlúth-chaidrimh eile a chothú le Ranna sa chaoi seo.

Is féidir tabhairt faoi deara nach ndéanann alt 8(b) den Acht Choimisiún Cearta an Duine foráil d'aon discréid thar ceann an Choimisiúin nuair atá sé ag déanamh imscrúdu ar na moltaí reachtúla a chuirfidh Airí Rialtais faoina bhráid. Mar sin, is féidir le hualach oibre an Choimisiúin athrú go mór ó bhliain go bliain. Comhartha de seo is ea gur cuireadh cúig phíosa reachtaíochta ar leith faoi bhráid an Choimisiúin sa tréimhse Meitheamh–Iúil 2006.

Ina dTuarascálacha Bliantúla roimhe seo, léirigh an Coimisiún imní gurb é an t-aon Aire Rialtais a chuir moltaí reachtúla faoina bhráid ná an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Tharraing Uachtarán an Choimisiúin aird air seo leis an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí in 2005, agus tharraing an tAire féin aird air ag leibhéal na Comhaireachta ina dhiaidh sin. Tá áthas ar an gCoimisiún a bheith in ann tuairisciú gur chuir an tAire um Gnóthaí Eachtracha Scéim Ghinearálta de Bhille Pasanna faoina bhráid in Meán Fómhair 2006. I mí na Nollag, freisin, d'iarr an Roinn Cosanta breathnúcháin, ag leibhéal oifigiúil, maidir leis an mBille Cosanta (Leasú)(Uimh.2).

Tá fáilte roimh na forbairtí seo agus tugann siad le fios go bhfuil léirthuiscint níos fearr ag Ranna go ginearálta ar an ábharthacht atá ag caighdeáin chearta an duine lena n-obair agus go bhfuil siad ag tabhairt aitheantais do na caighdeáin seo nuair atá siad ag láimhseáil ábhair laistigh dá réimsí féin. Tugann sé le fios freisin go bhfuil feasacht níos mó ar obair an Choimisiúin agus ar an luach

atá léi. Go hacomhair, tá níos mó tuisceana ann anois nach saincheist a bhaineann le ceartas amháin atá i gcearta an duine.

## Acht um Cheartas Cóiriúil 2006

Le linn 2005 chuir an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí dhá shraith de leasuithe molta don Bhille um Cheartas Coiriúil 2004 bunaidh faoi bhráid an Choimisiúin d'fhonn a thuairimí a fháil maidir leis na himpleachtaí a bheadh sna leasuithe do chearta an duine. Chuir an Coimisiún a chuid breathnúchán faoi bhráid an Aire i ndáil leis an dá shraith de leasuithe seo i mí Márta 2006.

Thug na breathnúcháin ar an gcéad sraith de leasuithe molta aghaidh ar raon leathan saincheisteanna, lena n-áirítear ciontuithe drugaí, coiriúlacht eagraithe, ciontuithe a bhaineann le gunnaí mar aon le tabhairt isteach córas orduithe maidir le hiompar frith-shóisialta. Dheileáil na breathnúcháin ar an dara sraith de leasuithe le líon saincheisteanna a bhain le ceartas d'ógánaigh. Ba é an aidhm a bhí ag na moltaí seo ná leasú suntasach a dhéanamh d'Acht na Leanaí 2001 i réimsí cosúil le haois na freagrachta coiriúla agus coinneáil leanaí, chomh maith le tabhairt isteach córas speisialta d'orduithe maidir le hiompar frith-shóisialta do leanaí.

Is fiú tabhairt faoi deara go raibh stair fhada ag an mBille seo um Cheartas Coiriúil. Chuir an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí Scéim Bunaidh an Bhille faoi bhráid an Choimisiúin i mí Lúnasa 2003. Ansin chuir an tAire Cinn Billí bhreise faoi bhráid an Choimisiúin in Aibreán 2004 agus d'fhoilsigh sé an Bille um Cheartas Cóiriúil 2004 sular leag an Coimisiún isteach a bhreathnúcháin ar na Cinn Billí bhreise seo i mí Iúil 2004. I gcomhthéacs an chúlra seo, tharraing an Coimisiún aird ina chuid breathnúchán ar imní ghinéarálta maidir leis an gcaoi a raibh reachtaíocht um cheartas coiriúil ag déanamh foráil do chumhachtaí breise póilíneachta á tabhairt isteach:

> *Creideann an Coimisiún gur cheart go mbeadh gach moladh reachtúil chun cumhachtaí an Gharda Síochána a mhéadú faoi réir ag scrúdú cúramach chun a chinntiú go mbeidh an cothroime cheart ann idir, ar thaobh amháin, cearta gach duine sa tsochaí seirbhís poilíneachta a bheith acu atá in ann coiriúlacht a bhraith agus a chúiseamh agus, ar an lámh eile, cearta na hindibhide lán-tairbhe a bhaint as a c(h)uid cearta agus saoirsí an duine.*

Achtaíodh an tAcht um Cheartas Coiriúil 2006 i mí Iúil 2006.

## Bille Cróinéirí

Chuir an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí Cinn an Bhille Cróinéirí faoi bhráid an Coimisiúin i mí Eanáir 2006. Tharraing an Bille seo ceisteanna maidir le hoibleagáidí dearfacha an Stáit i ndáil leis na forálacha i dtaobh an ceart chun na beatha in Airteagal 2 de Choinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine, réimse de dhlí chearta an duine a raibh sé ar intinn ag an gCoimisiún cheana féin obair thras-fheidhmiúil a dhéanamh air in 2006. Chuaigh an Coimisiún i mbun dlúth-chomhairliúcháin leis an Roinn agus d'fhoilsigh sé a bhreathnúcháin ar an mBille i mí Meán Fómhair. Rinne an Roinn breithniú ar na breathnúcháin seo nuair a bhí an Bille Cróinéirí á dhréachtú ina dhiaidh sin. Tá an Bille foilsithe, ach tá sé le hachtú fós.

## Bille Clúmhillte

Chuir an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí an Bille Clúmhillte faoi bhráid an Choimisiúin i mí Iúil 2006. Molann an Bille athchóirithe tábhachtacha i réimse dlí a bhfuil gnéithe suntasacha chearta an duine aige a bhaineann leis na cearta ar shaoirse cainte agus an ceart go léireofaí meas ar phríobháideacht, saol an teaghlaigh agus clú. Ina chuid

breathnúchán ar an mBille, d'fháiltigh an Coimisiún ach go háirithe roimh an gcaoi ar forbraíodh agus ar tugadh chun cinn an reachtaíocht seo, agus é ag tógáil ar Thuarascáil an Ghrúpa Comhairleach Dlíthiúil ar Chlúmhilleadh. Foilsíodh breathnúcháin an Choimisiúin i mí na Nollag 2006. Tá an Bille le hachtú fós.

### Scéim Ghinéarálta de Bhille um Inimirce, Cónaitheacht agus Cosaint

Cuimsíonn an Scéim Ghinéarálta seo réimse an-leathan de pholasaithe i ndáil le himirce agus cearta imirceoirí agus lucht iarrtha tearmainn mar aon le rialú cónaitheachta sa Stát. Aithníodh imirce agus dídean mar phríomh-réimsí oibre don Choimisiún ón uair a bunaíodh é agus d'fhoilsigh an Coimisiún breathnúcháin mionsonraithe maidir leis an Scéim Ghinéarálta i mí na Nollag 2006. Déanann na breathnúcháin seo moltaí forleathan do chód dlí sa réimse seo a thabharfadh aghaidh ar an iliomad easnamh, bearnaí agus aimhrialtachtaí sa dlí mar atá sé anois. Tá an Bille comhfhreagrach le foilsiú fós.

### Bille Pasanna

I mí Meán Fómhair, chuir an tAire Gnóthaí Eachtracha an Scéim Ghinéarálta de Bhille Pasanna molta faoi bhráid an Choimisiúin d'fhonn a thuairimí a fháil air sin. Ainneoin go bhfuil an ceart atá ag saoránaigh na hÉireann do phas aitheanta ag na cúirteanna le tamall anuas, ceart a thagann as an gceart do thaisteal, ní raibh aon bhunús dlíthiúil ag córas pasanna na hÉireann go dtí anois.

Tá an Bille ag iarradh bunús reachtúil a chur leis an gcóras atá ann chun pasanna a dháileadh agus a rialú agus tarraingíonn sé aird ar líon saincheisteanna tábhachtacha i ndáil le cearta an duine, lena n-áirítear forálacha chun cead a thabhairt do dhaoine tras-inscne a n-ainm agus a n-inscne a athrú ar a bpasanna mar aon le forálacha chun cead a thabhairt don Aire idirghabháil a dhéanamh chun pas a eisiúint do leanbh sa chás go n-éilíonn leas an linbh a leithéid d'idirghabháil. Bhí comhráití mionsonraithe ag an gCoimisiún leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha i ndáil le forálacha na Scéime agus d'fhoilsigh sé a bhreathnúcháin ar Scéim an Bhille i mí na Nollag 2006. D'fháiltigh an Coimisiún ina chuid breathnúchán roimh an Scéim mar mholadh forásach a chuirfeadh feabhas le cosaint chearta tábhachtacha do ghrúpaí leochaileacha chomh maith leis na cearta atá acu sin a bhfuil pas iarrtha acu a shoiléiriú agus a threisiú.

### Moltaí Reachtúla Eile

I mí na Nollag, chuaigh oifigigh ón Roinn Cosanta i gcomhairle leis an gCoimisiún i ndáil leis na gnéithe chearta an duine den Bhille Cosanta (Leasú) (Uimh.2). Ba é an príomh-fócas a bhí ag an mBille ná ollchóiriú iomlán a dhéanamh ar na nósanna imeachta atá ann chun dlí míleata a riaradh i gcomhthéacs chás dlí na hÉireann agus forálacha ábhartha Choinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine. Reáchtáladh cruinniú leis na hoifigigh ábhartha sa Roinn Cosanta a bhí ag plé leis an ábhar agus ghlac an Roinn le tromlach mór de na moltaí a rinne an Coimisiún. Fáiltíonn an Coimisiún go mór roimh an deis a tugadh dó dul i ngleic leis an Roinn Cosanta den chéad uair agus d'fháiltigh sé roimh an mBille mar chion tairbhe suntasach i dtreo dhlí na hÉireann a bheith ag réiteach le caighdeáin cearta an duine. Achtaíodh an Bille i ndlí i mí Aibreán 2007.

Thosaigh an Coimisiún ag obair freisin in 2006 ar líon moltaí reachtúla eile a chuir an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí faoina bhráid, go sonrach an Bille Príobháideachta 2006 agus an Bille um Cheartas Coiriúil (Gainneáil i nDaoine agus Ciontuithe Gnéis) 2006.

## Athbhreithniú Beartas

Tá sainchúram leathan ag feidhm athbhreithniú beartais an Choimisiúin agus tá sé mar aidhm aige bunús bheartais an Choimisiúin a dhoimhniú i ndáil lena phríomh-réimsí oibre agus cion tairbhe a dhéanamh i dtaobh feasacht a ardú agus moltaí a dhéanamh don Rialtas maidir le réimsí de dhlí agus cleachtas na hÉireann sa chás go gcreideann an Coimisiún gur féidir cur chun cinn agus cosaint chearta an duine a threisiú. In 2006 rinne an Coimisiún taighde, d'fhoilsigh sé tuarascálacha agus rinne sé moltaí don Rialtas i ngach ceann de na phríomh-réimsí oibre a leagadh amach sa Phlean Straitéiseach.

### 'Aistriú'

I mí na Nollag 2005 d'eisigh an Coimisiún rún maidir le saincheist an 'aistrithe', sé sin, an cleachtas ina n-iompraítear daoine go dtí ionaid rúnda i dtír eile, áit a gcuirtear faoi dhiancheistiú iad agus a d'fhéadfaidís said a bheith faoi réir ag céasadh agus cóireáil atá neamhthrócaireach, mídhaonna nó táireach. Sa rún sin, léirigh an Coimisiún imní faoi thuarascálacha go bhféadfadh baint a bheith ag aerárthaigh de chuid na Stát Aonaithe atá ag tuirlingt ag aerfort na Sionainne leis an gcleachtas, leag sé amach oibleagáidí chearta an duine atá ag Éire sa mhéid sin agus d'éiligh sé ar an Rialtas comhaontú a lorg ó údaráis na Stát Aontaithe cigireacht a dhéanamh ar na haerárthaigh seo.

In 2006 lean an Coimisiún ag monatóireacht ar an staid. I mí Meithimh, scríobh an Coimisiún ag an Aire Gnóthaí Eachtracha mar fhreagra ar chomhfhreagras níos luaithe ón Aire thar ceann Rialtas na hÉireann i ndáil leis na saincheisteanna; agus i mí na Samhna, rinne an Coimisiún aighneacht do Choiste Sealadach Pharlaimint na hEorpa ar Iompar agus Coinneáil Mídhleathach Príosúnach.

### Cosaint Leanaí

I mí Mheán Fómhair chuir an Coimisiún aighneacht faoi bhráid an Chomhchoiste Oireachtais um Chosaint Leanaí, mar fhreagra ar chuireadh ón gCoiste chun aighneachtaí a chur faoina bhráid maidir le ceisteanna éagsúla dlí i dtaca le dhá chás a bhain leis an aois toilithe i ngníomhaíocht ghnéasach agus leis an dlí coiriúil ábhartha. San aighneacht aige, leag an Coimisiún amach na caighdeáin ábhartha um chearta an duine maidir le cearta daoine a chúisítear in imeachtaí coiriúla, cearta leanaí agus na prionsabail ábhartha chomhionannais.

### Pianbhreitheanna Neamhchinntithe

I mí na Samhna d'fhoilsigh an Coimisiún taighde a bhí coimisiúnaithe aige agus a rinne an tOllamh Paul McCutcheon agus an Dr. Gerard Coffey as Ollscoil Luimnigh maidir le Cinneadh Pianbhreitheanna Saoil. D'aithin an Coimisiún gur eascair ceisteanna tábhachtacha ón ábhar sin maidir le comhoiriúnacht an dlí agus an chleachtais in Éirinn do chaighdeáin idirnáisiúnta um chearta an duine. Chomh maith leis sin, d'eisigh an Coimisiún ráiteas beartais inar tugadh tacaíocht ghinearálta d'anailís na n-údar ar an ábhar agus inar iarradh ar an Rialtas an córas a bhí ann maidir le cinneadh prianbhreitheanna saoil a chóiriú.

### Lánúineacha *De facto*

I mí na Bealtaine d'fhoilsigh an Coimisiún taighde a bhí coimisiúnaithe aige agus a rinne Judy Walsh as Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus Fergus Ryan ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath maidir le cearta lánúineacha *de facto*. Rianaigh an taighde an chosaint dhlíthiúil ar chearta lánúineacha neamhphósta faoin dlí intíre, faoi dhlí an AE agus faoin dlí idirnáisiúnta um chearta an duine. Tá sé i gceist ag an gCoimisiún go gcuirfeadh an taighde sin go mór leis an díospóireacht leanúnach atá ar bun go náisiúnta

maidir leis an gcaoi is fearr chun cosaint dhlíthiúil chuí a thabhairt do lánúineacha neamhphósta.

## Cearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha

Ag leanacht ó chomhdháil idirnáisiúnta an Choimisiúin agus ó fhoilsiú a Phléchácháipéise maidir le cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha i mí na Nollag 2005, thug an Coimisiún cuireadh do pháirtithe leasmhara aighneachtaí a chur faoina bhráid. Fuarthas roinnt de na haighneachtaí sin in 2006 agus bainfear leas astu nuair atáthar ag ullmhú clár straitéiseach oibre maidir leis an ábhar seo le linn thréimhse an chéad Phlean Straitéisigh eile ag an gCoimisiún.

# CUR CHUN CINN FEASACHTA AR CHEARTA AN DUINE



## Cothú Feasachta maidir le Cearta an Duine

Is feidhm thábhachtach de chuid an Choimisiúin feasacht maidir le cearta an duine a chothú. In 2006 bhí mar chuspóir ag an gCoimisiún go mbeadh eolas agus tuiscint níos fearr ag a phríomhlucht éisteachta trí chlúdach sna meáin agus trí phlé agus díospóireacht ag comhdhálacha agus seimineáir. Díríodh obair oideachais an Choimisiúin maidir le cearta an duine ar thacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí neamhrialtasacha agus d'eagraíochtaí pobail agus deonacha a bhíonn ag plé le ceisteanna a bhaineann le feasacht agus le hoideachas um chearta an duine.

### Na Meáin

Méadaíodh ar iomrá an Choimisiúin sna meáin náisiúnta agus réigiúnacha, agus bhí sé sin ina chabhair maidir le feasacht ar an gCoimisiún agus le tuiscint ar a fheidhm a fheabhsú. Bhain an Coimisiún clúdach fairsing amach i gcaitheamh na bliana ar fad maidir le réimse ceisteanna náisiúnta agus idirnáisiúnta ar nós: cearta leanaí, cearta lánúineacha *de facto*, cúirteanna teaghlaigh, coinníollacha coinneála, pianbhreitheanna saoil, "aistriú", agus feidhm an Choimisiúin mar *amicus curiae* nó "cara na cúirte".

### Comhdhálacha

#### Fíorú Cearta Leanaí - Comhdháil Bhliantúil leis an gCumann Dlí, 14 Deireadh Fómhair 2006

An téama a bhain leis an gcomhdháil a bhí ag an gCoimisiún agus an Cumann Dlí, i gcomhar leis an Ombudsman do Leanaí, ar an 14 Deireadh Fómhair 2006 i bPlás Blackhall ná baint amach dlí leanaí bunaithe ar chearta. Ba thráthúil an fócas ar chearta an linbh, óir bhí athruithe suntasacha reachtaíochta á bplé. Orthu sin bhí: athruithe nua riaracháin i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), an tAonad Ceartais Óige nua agus an tSeirbhís Phromhaidh. Bhí moltaí fíorshubstainteacha déanta ag Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh mí amháin roimhe sin, rud a chuir tuilleadh le hábhharthacht théama na comhdhála.

Labhair painéal de chainteoirí oirirce as Éirinn agus ón iasacht ag an gcomhdháil. Labhair na daoine seo a leanas ag an imeacht: Emily Logan, an tOmbudsman do Leanaí; an Breitheamh Onórach John McMenamin ón Ard-Chúirt; an Breitheamh Onórach John Gillen, Ceann an Dlí Theaghlaigh, Tuaisceart Éireann; an tOllamh Sheila Greene, Stiúrthóir an Lárionaid Taighde Leanaí; Michelle Shannon, Stiúrthóir Náisiúnta an Aonaid Cheartais Óige; Michael Donnellan, Stiúrthóir na Seirbhíse Promhaidh; agus Ursula Kilkelly, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Ba é seo an ceathrú comhdháil dá leithéid agus bhí os cionn 200 rannphairtí i láthair.

### Seimineáir

#### Coinbhinsiún um Chosc ar Chéasadh

D'eagraigh an Coimisiún seimineár neamhfhoirmiúil maidir le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Chosc ar Chéasadh ar an 4 Iúil 2006. Séard a bhí mar aidhm leis an seimineár cur leis an bhfeasacht ar fheidhm agus ar obair Choiste Chomhairle na hEorpa um Chosc ar Chéasadh (CCC), agus athbhreithniú a dhéanamh ar cheisteanna a tarraingíodh anuas sa tríú tuarascáil de chuid an CCC go hÉirinn i mí Feabhra 2002. Deis a bhí san imeacht meas a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le comhlachtaí ar nós an Choimisiúin idirghabháil a dhéanamh agus eolas a chur ar fáil don CCC. Chuir a raibh le rá ag an gCoimisinéir Nuala Kelly, iar-chomhordaitheoir Choimisiún na hÉireann do Phríosúnaithe Thar Lear agus Mark Kelly, Stiúrthóir na Comhairle um Chearta an Duine agus iar-Cheann Aonaid i Rúnaíocht an CCC, go mór leis an imeacht.

### Léacht Lá Idirnáisiúnta Chearta an Duine, 11 Nollaig 2006

Ba é an tOllamh William P. Alford, as Scoil Dlí Harvard, a thug léacht tionscnaimh an Choimisiúin in onóir Lá Idirnáisiúnta Chearta an Duine. "*Who Speaks for Whom? – China, Disability and Rights*" a bhí mar théama ag caint an Ollaimh Alford. Labhair sé faoin aimridiú éigeantach a rinneadh ar bheirt ógbhan a raibh míchumas intleachta orthu, agus faoin bhfreagairt ó na meáin agus ón bpobal a lean é. Mar thoradh ar an bhfreagairt sin, úsáideadh dlí coiriúil na Síne, an t-aon mhodh dlíthiúil, chun míshástacht an phobail maidir le haimridiú neamhdheonach na n-ógbhan a chur in iúl. Sáraíodh cearta daonna na n-ógbhan sin, agus bhéimigh a gcás an toradh a thagann nuair nach mbíonn dóthain caighdeán ag Stáit i dtaca le cearta an duine agus an tábhacht a bhaineann le cothú cultúir a thugann cosaint do chearta an duine.

## Lainseálacha

### Cinneadh Pianbhreitheanna Saoil

Seoladh an tuarascáil taighde seo maidir le "Cinneadh Pianbhreitheanna Saoil" i mí na Samhna 2006. Rinne an tuarascáil meas ar chinneadh pianbhreitheanna saoil i bhfianaise Choinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine agus an dlí-eolaíocht ábhartha de chuid Chúirt na hEorpa um Chearta an Duine. Ba é príomhchonclúid na tuarascála nach bhfuil dlí na hÉireann, faoi mar atá sé, ag teacht le dlí na hEorpa maidir le cearta an duine. Thacaigh an Coimisiún le moladh na tuarascála gur cheart bonn reachtúil a chur faoin mBord Parúil. Rinneadh clúdach fairsing ar an tuarascáil sna meáin.

### Cearta Lánúineacha *De facto*

Bhí mar aidhm ag an tuarascáil seo cuntas cuimsitheach a thabhairt ar na caighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta daonna a bhaineann le lánúineacha *de facto*, agus acmhainneacht dhlí na hÉireann a mheas i bhfianaise an chreata idirnáisiúnta dlí sin. Bronnadh an tuarascáil ar Mhícheál Mac Dubhghaill TD, an Tánaiste agus an tAire Dlí, Cirt, Comhionnais agus Athchóirithe Dlí ag a lainseáil i mí na Bealtaine 2006. Shainigh an tuarascáil codanna den dlí intíre ar gá leasú reachtach a dhéanamh orthu. Dearbhaíodh go láidir gur cheart don Stát aitheantas dlíthiúil de chineál éigin a thabhairt do pháirtithe den inscne chéanna.

## Oideachas maidir le Cearta an Duine

### Tionscadal *Lift-Off* – Oideachas maidir le Cearta an Duine i mBunscoileanna

Lean an Coimisiún air de bheith páirteach sa tionscnamh trasteorann bunscoile *Lift-Off*, a bhaineann le hoideachas maidir le cearta an duine. Is iad Amnesty International (Roinn na hÉireann), Amnesty International (Roinn na RA), Cumann Múinteoirí Éireann agus the Ulster Teachers Union páirtithe an tionscadail. Is iad seo a leanas na comhlachtaí atá páirteach i nGrúpa Comhairleach an Tionscadail: Choimisiún Tuaisceart Éireann um Chearta an Duine, Ranna Oideachais Phoblacht na hÉireann agus Thuaisceart Éireann, comhlachtaí curaclaim agus páirtithe an tionscadail. Chruinnigh an Grúpa Comhairleach le chéile roinnt uaireanta in 2006, agus bhí cruinnithe eile ag fochoiste na comhdhála, agus bhí ionadaíocht ag an gCoimisiún air sin, freisin. Rinneadh go leor oibre sa tionscadal i dtaca le heagrú na comhdhála maidir le hOideachas um Chearta an Duine in 2006, a lean ón gcéad chomhdháil a reáchtáladh in 2005.

### Clár Oiliúna maidir le Cearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha - Fócas ar Mhná

Chomhoibrigh an Coimisiún i gcúrsa seachtaine oiliúna maidir le "Mná agus Cearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha" a d'eagraigh an Women's

Human Rights Alliance le cúnamh ó Dignity International, Banúlacht agus ón nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaineachta. Reáchtáladh an cúrsa i nGaillimh idir 26 agus 29 Meitheamh 2006 agus d'fhreastail 23 bhean air a phléann le hobair bheartais ina n-eagraíochtaí, agus a raibh taithí acu ar a bheith ag plé le mná agus le ceisteanna ban. Bhí siad ionadaíoch ar líonraí éagsúla náisiúnta agus idirnáisiúnta, ar ghrúpaí áitiúla tionscadail agus ar eagraíochtaí náisiúnta. Ar na cúiseanna a ndearnadh ionadaíocht ar a son bhí: tuismitheoirí aonair, leanaí, pobail imeallaithe, mná den Lucht Taistil, míchumas agus meabhairshláinte.

Próiseas fíor-rannpháirtíoch a bhí sa chúrsa oiliúna. Pléadh taithí na rannpháirithe ar dtús. Leis sin, cuireadh ionchuir, idir chruthaitheacha agus theoiriciúla, faoi chearta an duine. Mar bhuaic ar an gcúrsa bhí seisiún inar chuir na rannpháirtithe a gcuid foghlama i gcleachtas trí chás-staidéar a chur i láthair inar cuireadh creat maidir le cearta daonna i bhfeidhm ar cheist nithiúil. Léiríodh ardmheas ar an gcúrsa agus léirigh na rannpháirtithe an-tiomantas agus an-mhuinín maidir le leas a bhaint as cur chuige ceart daonna chun tacú le hathrú san am a bhí le teacht.

# OBAIR IDIRNÁISIÚNTA

## Obair Idirnáisiúnta

Is cuid de shainordú an Choimisiúin é comhoibriú a dhéanamh le Coimisiún Tuaisceart na hÉireann um Chearta an Duine trí chomhchoiste, agus dul i gcomhairle le comhlachtaí nó gníomhaireachtaí idirnáisiúnta a phléann le cearta daonna. In 2006 cuireadh toise breise le hobair idirnáisiúnta an Choimisiúin nuair a ceapadh mar chathaoirleach é ar an nGrúpa Eorpach d'Institiúidí Náisiúnta um Chearta Daonna (INCD).

### An Comhchoiste

Is cuid de shainordú an Choimisiúin a bheith rannpháirteach i gComhchoiste d'ionadaithe de chuid an Choimisiúin agus de chuid Coimisiún Tuaisceart na hÉireann um Chearta an Duine (NIHRC), mar a sholáthraítear i gComhaontú Aoine an Chéasta.

Chruinnigh an Comhchoiste faoi thrí in 2006. I measc na n-ábhar a pléadh i rith na bliana bhí obair ar Chairt na gCeart, agus ar chiníochas. Rinne an Coimisiún agus an NIHRC dul chun cinn maidir le teacht ar acmhainní ar leith chun tacú le hobair an Chomhchoiste.

### An Comhfhóram Cothromaíochta agus Ceart Daonna

Is ball an Coimisiún den Chomhfhóram Cothromaíochta agus Ceart Daonna, a thugann le chéile go leor de na comhlachtaí reachtúla a phléann le cothromaíocht agus le cearta daonna in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Is iad seo a leanas na baill eile: an tÚdarás Cothromaíochta, the NIHRC, the Equality Commission of Northern Ireland, agus ón mBreatain Mhór - the Commission for Racial Equality, the Disability Rights Commission, agus the Equal Opportunities Commission.

Bhí ionadaíocht de chuid an Choimisiúin i láthair ag roinnt de chruinnithe an Fhóraim i gcaitheamh na bliana, rud a thug deis úsáideach le faisnéis agus foghlaim a roinnt

### An Grúpa Eorpach agus an Coiste Comhordaithe Eorpach

Is lánbhall an Coimisiún den Ghrúpa Eorpach d'Institiúidí Náisiúnta um Chearta Daonna (INCD) [1]. Tá ceithre ghrúpa réigiúnacha de INCDí: an Afraic, na Meiriceánna, an Áise - an tAigéan Ciúin, agus an Eoraip. I mí na Samhna 2004 thogh an Grúpa Eorpach an Coimisiún mar bhall den Choiste Comhordaithe Eorpach (CCE). Tá ceithre fhoras ón nGrúpa Eorpach sa CCE. I láthair na huaire, is iad seo a leanas na forais atá i gceist: an Coimisiún Éireannach, Coimisiún um Chearta Daonna na Gréige, Institiúid um Chearta Daonna na Danmhairge agus Institiúid um Chearta Daonna na Gearmáine. Séard is feidhm don CCE ná cruinnithe réigiúnacha a eagrú, comhoibriú idir na INCDí a chur chun cinn, scaipeadh eolais a bhaineann leis na INCDí a chur chun cinn, agus forbairt na INCDí a chothú.

Ag an séú cruinniú den Ghrúpa Eorpach, san Aithin, i mí Mheán Fómhair 2006, toghadh an Coimisiún mar chathaoirleach ar an nGrúpa Eorpach. Séard is feidhm don fhoras atá ina chathaoirleach ná cruinnithe den CEE agus den Ghrúpa Eorpach a reáchtáil, a bheith ina lárionad le haghaidh bhailiú agus scaipeadh eolais a bhaineann leis na INCDí agus tionscnaimh de chuid bhaill an Ghrúpa Eorpaigh a éascú.

#### Cruinniú na hAithine

Bhí an Ceathrú Cruinniú d'Institiúidí Náisiúnta um Chearta Daonna, san Aithin, i mí Mheán Fómhair

[1] De réir Rialacha Nós Imeachta an CCI, sanntar stádas A, B nó C do gach INCD. Ciallaíonn an stádas A atá ag an gCoimisiún Éireannach go gcomhlíonann sé Prionsabail Pháras na Náisiún Aontaithe, maidir le cinntiú go bhfuil INCD neamhspleách agus éifeachtach, ina n-iomláine. Tá 16 INCD sa Ghrúpa Eorpach a bhfuil stádas A acu, ón Spáinn go dtí an Airméin, chomh maith le roinnt institiúidí náisiúnta a bhfuil stádas B nó C acu.

2006, ar an gceann is deireanaí de chomhdhálacha a reáchtálann Coimisinéir um Chearta an Duine Chomhairle na hEorpa agus na hInstitiúidí Náisiúnta um Chearta Daonna (INCDí) ó bhallstáit Chomhairle na hEorpa gach re bliain. Chomheagraigh Oifig Choimisinéir um Chearta an Duine Chomhairle na hEorpa agus Coimisiún Náisiúnta um Chearta Daonna na Gréige an cruinniú. Ba iad an tUachtarán agus an Príomhfheidhmeannach a rinne ionadaíocht ar an gCoimisiún Éireannach ag an gcruinniú.

Ar na daoine a bhí i láthair ag an gcruinniú bhí: baill de INCDí agus dá Rúnaíochtaí, ionadaí de chuid Oifig Ard-Choimisinéir um Chearta an Duine na Náisiún Aontaithe, comhordaitheoir Líonra an Aontais Eorpaigh de Shaineolaithe Neamhspleácha ar Chearta Bunúsacha, saineolaí de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, ionadaithe ó Eagraíochtaí Neamhrialtasacha, saineolaithe aonair, chomh maith le ball den Ghrúpa Saoithe a bhunaigh Comhairle na hEorpa chun moltaí a dhéanamh maidir lena chinntiú go mbeadh éifeacht fhadtréimhseach ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine. Is ar na téamaí seo a leanas a díríodh an plé:

- Deiseanna institiúideacha nua do INCDí ag leibhéal Eorpach
- Feidhm leantach thualangach do INCDí maidir le ceist an n-eitiltí "aistrithe" a tarraingíodh anuas i gComhairle na hEorpa
- Feidhm INCDí maidir le cineálacha nua-aimseartha sáraithe ar an gceart chun príomháideachta
- Cúnamh a d'fhéadfadh INCDí a thabhairt chun nach ndéanfaí reachtaíocht éigeandála buan
- Féidearthachtaí maidir le hidirghabháil ó INCDí sa phróiseas trína nglactar le reachtaíocht.

### Cruinniú Bheirlín

Ag cruinniú Bheirlín i mí na Samhna 2006, chruinnigh rannpháirtithe ó INCDí, ó chomhlachtaí conartha agus ón tsochaí shibhialta chun plé a dhéanamh ar an idirghníomhaíocht idir INCDí agus Comhlachtaí Conartha um Chearta an Duine na Náisiún Aontaithe. Bhí an Príomhfheidhmeannach i láthair thar cheann an Choimisiúin Éireannaigh. Ghlac na rannpháirtithe le cur chuige comhchuibhithe dréachtach maidir le caidreamh na gcomhlachtaí conartha le INCDí lena chur faoi bhráid an chéad chruinnithe Idirchoiste eile de na Comhlachtaí Conartha (Meitheamh 2007).

### Coiste Comhordaithe Idirnáisiúnta d'Insititiúidí Náisiúnta um Chearta Daonna

Tugann an Coiste Comhordaithe Idirnáisiúnta (CCI) na ceithre ghrúpa réigiúnacha (an Áise - an tAigéan Ciúin, an Eoraip, an Afraic agus na Meiriceánna) de na hInstitiúidí Náisiúnta um Chearta Daonna (INCDí) le chéile. Ba iad an tUachtarán, an Príomhfheidhmeannach agus na Coimisinéirí Egan agus O'Higgins a bhí mar ionadaithe ag an gCoimisiún Éireannach ag cruinniú bliantúil an CCI sa Ghinéiv ón 12 go dtí an 13 Aibreán 2006.

Ba é an Defensoría del Pueblo de Bolivia a reáchtáil an tOchtú Comhdháil Idirnáisiúnta de INCDí i Santa Cruz ón 24 go dtí an 26 Deireadh Fómhair 2006. "Imirce: Ról Institiúidí Náisiúnta" a bhí mar théama leis an gcomhdháil. Rinne an tUachtarán ionadaíocht thar cheann an Choimisiúin Éireannaigh. Rinneadh éileamh ag an gcomhdháil go gcleachtfaí cur chuige bunaithe ar chearta daonna maidir le himirce agus go léireofaí meas ar chearta daonna gach imiricigh, is cuma cén stádas imirce a bhainfeadh leis an imirceach. Léiríodh imní mar nach raibh an Coinbhinsiún um Chosaint ar Chearta na nOibrithe Imiriceacha Uile agus ar Chearta Bhaill dá dTeaghlaigh daingnithe ach ag fíorbheagán tíortha, agus, go dtí sin, nach raibh aon cheann de na náisiúin fhorbartha tar éis an Coinbhinsiún a dhaingniú. Chuir na INCDí de cheangal orthu féin go dtabharfaidís tosaíocht don obair maidir le cearta imiriceach agus d'fhorbairt sraith prionsabal a thabharfadh treoir san obair sin.

### Coinbhinsiún na NA maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas

In 2006, lean tiomantas mór an Choimisiúin maidir leis an idirbheartaíocht leantach sna Náisiúin Aontaithe i dtaca le téacs an choinbhinsiúin idirnáisiúnta atá á mholadh maidir le cosaint agus le cur chun cinn cearta daoine faoi mhíchumas.

Bhí de dhualgas ar an gCoimisiún Éireannach, laistigh de na grúpaí réigiúnacha Eorpacha d'Institiúidí Náisiúnta um Chearta Daonna, comhordú a dhéanamh ar ionchur na nInstitiúidí Eorpacha eile sa phróiseas idirbheartaíochta agus seasamh a aontú, nuair ab fhéidir, maidir leis na hailt éagsúla den téacs a raibh idirbheartaíocht ar bun maidir leo.

Bhí ionadaí ag an gCoimisiún, chomh maith, ag cruinnithe de chuid Choiste *Ad Hoc* na Náisiún Aontaithe a bhí ag ullmhú an choinbhinsiúin.

## Comhlachtaí Idirnáisiúnta Monatóireachta um Chearta an Duine

Táirgíonn an Coimisiún tuarascálacha mar gheall ar dhul chun cinn an Stáit Éireannaigh maidir le comhlíonadh a dhualgas idirnáisiúnta i dtaca le cearta daonna. Déantar na tuarascálacha sin a fhoilsiú agus a chur chun cinn go neamhspleách ar thuarascálacha an Stáit féin. Lean an Coimisiún lena chaidreamh le comhlachtaí idirnáisiúnta monatóireachta um chearta an duine maidir lena thuarascálacha.

### Coiste na Náisiún Aontaithe maidir leis an gCoinbhinsiún um Chearta an Linbh

I mí Mheán Fómhair 2006 rinne Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh scrúdú ar dhara tuarascáil na hÉireann de réir Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. Chas an Coimisiún ar bhaill de Choiste na NA i rith na cuairte a thug siad ar Éirinn i mí an Mhárta agus chuir an Coimisiún aighneacht mhionsonraithe scríofa faoi bhráid an Choiste i mí na Bealtaine inar leagadh amach nithe áirithe a bhí ina n-ábhair imní maidir le cosaint chearta an linbh in Éirinn.

I mí an Mheithimh 2006 thionóil Coiste na NA um Chearta an Linbh cruinniú réamhsheisiúnach maidir lena scrúdú ar dhara tuarascáil na hÉireann faoin gCoinbhinsiún. Rinneadh an Scrúdú i mí Mheán Fómhair 2006. Bhí ionadaíocht de chuid an Choimisiúin i láthair ag an éisteacht réamhsheisiúnach chomh maith le hionadaíocht ón Ombudsman do Leanaí agus ón gComhghuaillíocht do Chearta Leanaí, lenar chomhoibrigh an Coimisiún ar feadh an ama, de réir a phrionsabail oibriúcháin a leagann amach gur cheart go gcuirfeadh sé le luach obair na gcomhlachtaí reachtúla eile. Is tairbheach agus fiúntach an caidreamh a bhí idir an Coimisiún agus an tOmbudsman do Leanaí agus a hoifig ó ceapadh dá post í.

Le linn an scrúdaithe, thug an Coimisiún freagra ar cheisteanna ón gCoiste a bhain le feidhmeanna an Choimisiúin agus lena neamhspleáchas ó thaobh riaracháin agus airgeadais. Chomh maith leis sin, rinne an Coimisiún idiragairt chun ceisteanna fíorasacha áirithe maidir le ciníochas, inimirce agus ionad na dTaistealaithe i sochaí na hÉireann a thabhairt chun soiléire. Chomh maith le cur i láthair agus le hidiragairtí foirmiúla, rinne an Coimisiún teagmháil neamhfhoirmiúil le baill den Choiste agus de Rúnaíocht an Choiste ar imeall an chruinnithe agus tugadh léargas ar ábhair a raibh suim ag baill an Choiste iontu. Bhain Tuairimí Deiridh an Choiste, den chuid is mó, le ceisteanna a tharraing an Coimisiún anuas le linn phróiseas an scrúdaithe agus bunaíodh caidreamh láidir leis an gCoiste agus lena Rúnaíocht. Toradh eile a lean ón rath a bhí ar an bpróiseas ná gur cabhraíodh le cur chun cinn mhóraidhm an Choimisiúin, .i. go gcinnteofaí aitheantas ar leith do ról na nInstitiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine i bpróiseas mhonatóireacht chonarthaí na Náisiún Aontaithe.

## Cruinniú le hArd-Choimisinéir um Chearta an Duine na Náisiún Aontaithe

I mí Aibreáin, bhuail an Coimisiún le hArd-Choimisinéir um Chearta an Duine na Náisiún Aontaithe, Louise Arbour, i mBaile Átha Cliath chun réimse de cheisteanna a bhain le cearta an duine a phlé. Orthu sin bhí: athleasú conarthaí sna Náisiúin Aontaithe, ról na n-institiúidí náisiúnta i bhfóraim idir-rialtasacha, Coinbhinsiún na NA maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas, ionad na n-inimirceach in Éirinn agus an cheist sin ar a dtugtar "aistriú urghnách".

# SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

# Seirbhísí Corparáideacha

## Acmhainní Daonna

Tá Príomhfheidhmeannach agus deichniúr ball foirne ag an IHRC.

Tháinig beirt bhall foirne nua ag obair leis an gCoimisiún i rith na bliana: thosaigh Niall Doherty i Meitheamh 2006 agus Patricia Murphy i nDeireadh Fómhair 2006.

### Corás Bhainistíocht Feidhmíochta agus Forbartha (PMDS)

Tugadh isteach Córas Bhainistíocht Feidhmíochta agus Forbartha go luath in 2004, ar ghlac na baill foirne ar fad páirt ann i gcaitheamh na bliana. Lean sé seo ar aghaidh in 2005 agus 2006 agus bhain an fhoireann ar fad tairbhe as.

### Oiliúint Foirne

Tá an IHRC tiomanta d'fhorbairt bhreise dá fhoireann. Chun na críche seo, d'fhreastail baill foirne ar roinnt cúrsaí in 2006, ina measc:

- An tAcht um Chosaint Sonraí (Baile Átha Cliath)
- Oiliúint san Acht um Chosaint Sonraí (Baile Átha Cliath)
- Oiliúint Gharchabhrach (Baile Átha Cliath)
- Ard-Chúrsa Abhcóideachta (Baile Átha Cliath)
- Scileanna um Neartú na Foirniúlachta (Cill Mantáin)
- Céasadh a Chosc, Oifig Ard-Choimisinéir do Chearta an Duine (Cianfhoghlaim)

### Polasaithe Foirne

Tugadh isteach na polasaithe nua seo a leanas i gcaitheamh na bliana a bhaineann leis an bhfoireann:

- Polasaí ar Bhulaíocht agus Ciapadh
- Polasaí ar Shaoire gan Phá do Shos Gairme

Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú i gcaitheamh na bliana ar na polasaithe seo a leanas a bhaineann leis an bhfoireann:

- Polasaí ar Úsáid an Ghréasáin Ríomhairí, an Ríomhphoist agus an Idirlín
- Polasaí Bainistí
- Polasaí Comhionannais
- Polasaí Sláinte agus Sábháilteachta

## Teicneolaíocht Faisnéise

Tá an IHRC tiomanta d'infrastruchtúr ar ardchaighdeán agus nua a choinneáil, le tacaíocht á cur ar fáil ag comhlacht comhairleach seachtrach.

D'athraigh an Coimisiún go dtí ROS (Seirbhís Ioncaim Ar Líne) in 2006 chun cur ar a chumas tuairisceán cánach a dhéanamh chuig an Ard-Bhailitheoir.

### Suíomh Idirlín

Seoladh suíomh idirlín an IHRC (www.ihrc.ie) i mí na Nollag 2003 agus déantar nuashonrú go leanúnach air. Tá stádas *Level Double-A Conformance* maidir le Treoirlínte Inrochtaineachta d'Ábhar Gréasáin 1.0 ag an láithreán gréasáin. Is í an éifeacht atá aige seo ná chun inrochtaineacht fáisnéise a fheabhsú do dhaoine le míchumas.

Is féidir le cuairteoirí chuig an suíomh clárú do nuashonruithe rialta ar obair an Choimisiúin. Tugadh 109,117 cuairt ar shuíomh idirlín an IHRC i rith 2006, i gcomparáid le 102,833 an bhliain roimhe sin. Léiríonn an bhFigiúr seo a leanas briseadh síos míosúil ar chuairteanna chuig an suíomh in 2006.

### Figiúr 7: Cuairteanna ag Láithreán Gréasáin an IHRC i rith 2006




## Ginearálta

### Na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an IHRC chun cinntiú go gcloífear leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003.

### An tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997 mar a leasaíodh é.

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an IHRC chun cinntiú go gcloífear leis an reachtaíocht.

### An tAcht um Íocaíochtaí Prasa 1997

Níor thabhaigh an IHRC íocaíochtaí úis ar bith in 2006 faoin Acht um Íocaíochtaí Prasa 1997.

### Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 go dtí 2001

D'fhaomhaigh an IHRC Clár Ús Coimisnéirí ag a gcruinniú iomlánach i mí Eanáir 2004. Tá an tUachtarán agus na Coimisnéirí faoi réir riachtanais na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, agus iarradh ar na Coimisinéirí nuacheaptha ráitis úis cuí a chomhlánadh in 2006. Tá an fhoireann ar fad a bhfuil poist forordaithe acu curtha ar an eolas maidir lena ndualgais faoin reachtaíocht um eitic in oifigií poiblí.

### Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an IHRC chun cinntiú go gcloífear leis an reachtaíocht chomh fada is a bhaineann sé go dtí seo leis an gCoimisiún.

### Leabharlann

Bhunaigh an IHRC leabharlann bheag in 2004, agus baineadh leas as seirbhís leabharlannaí ar bhonn páirtaimseartha chun rangú agus aicmiú a dhéanamh ar cheannaigh leabharlainne agus chun an leabharlann a chothabháil.

## Airgeadas

Tá réamh-iniúchadh i bhfoirm dréachta déanta ar na ráitis airgeadais mar atá siad sa tuarascáil bhliantúil. Tá cuntais an IHRC curtha i láthair i gcóir a n-iniúchta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de réir Alt 16 d'Acht Choimisiún um Chearta an Duine 2000.

### Ráiteas d'Fhreagrachtaí Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine

Éilítear ar an IHRC ráiteas airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thugann léargas fíor agus cothrom ar chúrsaí an Choimisiúin agus ar ioncam agus ar chaiteachas na tréimhse sin.

Éilítear ar an gCoimisiún agus é ag ullmhú na ráiteas sin:

- polasaithe oiriúnacha cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin cuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhunús gnóthais leantaigh mura bhfuil sé oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Coimisiún um Chearta an Duine ar aghaidh.

Tá freagracht ag an IHRC as taifid chearta cuntasaíochta a choinneáil a nochtann le cruinneas réasúnta ag aon am staid airgeadais an Choimisiúin agus a chuireann ar a chumas cinntiú go bhfuil ráitis airgeadais ag teacht leis an Ord

Tá sé freagrach freisin as sócmhainní Choimisiún um Chearta an Duine a chaomhnú agus mar sin chun bearta réasúnta a chur i bhfeidhm ar mhaithe le calaois agus aimhrialtachtaí eile a chosc agus a bhraith.

### Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

**Freagracht as Córais Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh**

Glacann an IHRC lena dhualgas éifeachtacht chóras na heagraíochta do rialuithe airgeadais inmheánacha a athbhreithniú agus a chinntiú. Tá an IHRC, tríd an bPríomhfheidhmeannach, freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar na córais rialaithe inmheánaigh agus as dearbhuithe a sholáthar don Choimisiún. Tá sé mar aidhm ag córas rialaithe inmheánaigh riosca a laghdú seachas é a dhíbirt go hiomlán agus ní féidir lena leithéid de chóras ach dearbhú réasúnta a thabhairt seachas a bheith absolóideach go bhfuil sócmhainní á gcaomhnú, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus go ndéantar taifeadfú orthu, agus go gcuirtear cosc le hearráidí nó le haimhrialtachtaí ábhartha nó go mbraitear in am iad.

### Príomh-Nósanna Imeachta Rialaithe

Is cur síos é seo a leanas ar na príomh-nósanna imeachta rialaithe atá curtha i bhfeidhm ag an IHRC chun rialú éifeachtach inmheánach airgeadais a sholáthar. Tá struchtúr eagrúcháin fad-bhunaithe ag an gCoimisiún a bhfuil dualgais freagrachtaí agus tuairiscithe atá soiléir aige. Tá nósanna imeachta foirmeálta i bhfeidhm chun teipeanna rialaithe tromchúiseacha a thuairisciú agus chun a chinntiú go bhfuil bearta coigeartaithe ann.

- Tá láidreacht na gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ag brath ar chaighdeán agus ar ionracas na bainistíochta agus na foirne.
- Oibríonn an Coimisiún próiseas cuimsitheach Bainistíochta agus Tuairiscithe Airgeadais. Cuirtear miondealú ar chaiteachas faoi bhráid an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí roimh tharraingt anuas ráithiúil an Deontais i gCabhair.
- Tá nósanna imeachta údaraithe sainmhínithe ag an gCoimisiún i ndáil le soláthar agus íocaíocht creidiúnaithe. Is cuid de ráiteas an Choimisiúin ar rialú inmheánach airgeadais na teorainneacha údaraithe seo.

- Tá nósanna imeachta chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánagh i bhfeidhm:
  - Coiste Airgeadais agus Iniúchta a thagann le chéile ar bhonn rialta agus a dhéanann iniúchadh ar fheidhmiúchán airgeadais
  - Córas Bainistíochta Airgeadais an Choimisiúin a bhfuil rialuithe údaráithe ionsuite aige chun a chinntiú nach féidir ach le baill foirne údaraithe próisis shainiúla a chur i gcrich.

Faigheann monatóireacht agus athbhreithniú an IHRC ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh faisnéis ó obair bhaill an Bhoird, ón gCoiste Airgeadais agus Iniúchta agus ó na barúlacha a dhéanann an tArd-Reachtaire Ciste agus Cuntas ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

## Athbhreithniú Bliantúil Rialuithe

Ba mhaith leis an gCoimisiún a chur in iúl nach ndearna muid athbhreithniú foirmeálta ar rialuithe inmheánacha airgeadais an Choimisiúin don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2006 .

## Ráiteas de Bheartais agus Prionsabail Cuntasaíochta

**Ginéarálta**

Ullmhaíodh na cuntais seo de réir Alt 16 den Acht Choimisiún Cearta an Duine 2000.

Cuimsíonn na Ráitis Airgeadais an bhliain ón 1 Eanáir 2006 go dtí 31 Nollaig 2006.

**Bunús Cuntasaíochta**

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais seo ar bhunús faibhrithe faoi chomhghnás an chostais stairiúil san fhormáid atá faofa ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus de réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá glactha go ginéaralta.

**Deontais an Oireachtais**

Taispeántar deontas-i-gcabhair ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ar bhunús fáltas airgid.

**Sócmhainní Seasta Inláimhsithe**

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ar chostas lúide dímheas carntha. Ríomhtar dímheas d'fhonn costas na sócmhainní seasta inláimhsithe a dhíscríobh i gcaitheamh a saoil úsáideach measta mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| **Foirgnimh:** | **4%** |
| **Trealamh Oifige:** | **20%** |
| **Feistis & Fearais:** | **20%** |

**Cuntas Caipitil**

Luach ioncaim gan amúchadh a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannacht atá sa Chuntas Caipitil.

**Pinsin**

Feidhmíonn an Coimisiún scéim pinsin shochair shonraithe a fhaigheann maoiniú go bliantúil ar an mbunús íoc-mar-a-chaitear ó airgead atá curtha ar fáil ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí (DJELR).

Tá costais phinsin le brath sna tairbhí pinsin atá tuillte sa tréimhse agus taispeántar iad glan de ranníocaíochtaí pinsin na foirne a n-aisíocann an Roinn Airgeadais iad de réir socruithe airgeadaíocht gníomhaireachta. Aithnítear méid atá ag teacht leis an muirear pinsin mar ioncam don mhéid go bhfuil sé in-aisghabhála, agus déantar fritháireamh air ag deontas a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.

Tá gnóthachain nó caillteanais achtúireachta ag teacht ó dhliteanais scéime le brath sa Ráiteas de Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón DJELR. An luach reatha atá ag íocaíochtaí pinsin sa todhchaí atá saothraithe ag baill foirne chun dáta atá in dliteanais phinsin. Seasann maoiniú pinsin iarchurtha don shócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil i dtréimhsí sa todhchaí ón DJELR.

## Dréacht-Chuntas Ioncaim & Caiteachais don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2006

| | Nótaí | | € 2006 | | € 2005 |
|---|---|---|---|---|---|
| **IONCAM** | | | | | |
| Deontas Oireachtais a fuarthas | | | 1,959,000 | | 1,894,000 |
| Aistriú go dtí an Cuntas Caipitil | | (134,011) | | (8,849) | |
| Amúchadh deontas sa bhliain | | 35,259 | (98,714) | 34,325 | 25,476 |
| Glan-Mhaoiniú Iarchurtha do Phinsean | 7 ( b ) | | 109,300 | | 102,000 |
| Ranníocaíochtaí Fostaithe | | | (30,500) | | (27,767) |
| Aisíoctha ag an Roinn Airgeadais | | | | | |
| Ús Bainc Infhála | | | 875.05 | | 780 |
| **Ioncam Iomlán na Bliana** | | | **1,936,961** | | **1,994,489** |
| **CAITEACHAS** | | | | | |
| Tuarastail Foirne | 1 | | 861,344 | | 784,003 |
| Táillí Coimisinéirí | 2 | | 198,853 | | 177,854 |
| Tacaíocht don Ghrúpa Eorpach | | | 3,179 | | |
| Oiliúint Foirne | | | 2,898 | | 1,722 |
| Costais Pinsin | 7 ( c ) | | 78,800 | | 74,233 |
| Taighde | | | 31,849 | | 27,830 |
| Comhdhálacha | | | 24,925 | | 35,159 |
| Teas agus Solas | | | 11,710 | | 9,823 |
| Riachtanais Oifige | | | 30,757 | | 42,367 |
| Glanadh | | | 6,198 | | 7,512 |
| Áitreabh | 3 | | 269,703 | | 264,509 |
| Priontáil agus Foilsitheoireacht | | | 55,968 | | 63,989 |
| TF & Tacaíocht | | | 12,187 | | 8,271 |
| Leabharlann | | | 20,433 | | 10,775 |
| Teileafón | | | 13,419 | | 13,664 |
| Postas & Pacáistiú | | | 6,118 | | 6,240 |
| Muirir Bainc | | | 773 | | 536 |
| Árachas | | | 17,549 | | 18,972 |
| Costais Ghinéarálta | | | 564 | | |
| Oiliúint | | | 4,192 | | 4,759 |
| Cothú | | | 68,889 | | 83,502 |
| Fograíocht | | | 70,999 | | |
| Táillí Dlíthiúla | | | 61,042 | | 13,582 |
| Táille Iniúchta | | | 7,900 | | 7,200 |
| Táillí Cuntasóra | | | 6,328 | | 3,388 |
| Muirear Dímheasa | | | 35,297 | | 34,325 |
| **Caiteachas Iomlán** | | | **1,901,874** | | **1,694,215** |
| Barrachas/ (Easnamh) don bhliain | | | 38,087 | | 300,274 |
| Fuílleach curtha ar aghaidh ón mbliain roimhe sin | | | 813,038 | | 512,764 |
| **Fuílleach tugtha ar aghaidh ag deireadh na bliana** | | | **851,125** | | **813,038** |

## Ráiteas de Ghnóthachain agus Caillteanais Iomlána Aitheanta

| | € | € |
|---|---|---|
| (Easnamh) / Barrachas don bhliain | 38,087 | 300,274 |
| Caillteanas /(gnóthachan) achtúireachta ar Dhliteanais Phinsin | 54,600 | (79,800) |
| Coigeartú do Mhaoiniú Pinsin Iarchurtha | (54,600) | 79,800 |
| **(Caillteanas) / Gnóthachan Iomlán Aitheanta don bhliain** | **38,087** | **300,274** |

Tá an Ráiteas de bheartais agus prionsabail Cuntasaíochta agus nótaí 1 go 8 mar chuid de na cuntais seo.

## Dréacht-Chlár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2006

| | | | € | | € |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Nótaí** | | **2006** | | **2005** |
| **Sócmhainní Seasta** | 4 | | 413,405 | | 314,691 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Airgead ag an mBanc agus ar Lámh | | 1,010,089 | | 881,822 | |
| Feichiúnaithe | 5 | 9,069 | | 10,488 | |
| | | 1,019,158 | | 892,310 | |
| **Dliteantais Reatha** | | | | | |
| Creidiúnaithe & Faibhrithe | 6 | (168,032) | | (79,272) | |
| **Glan-Shócmhainní Reatha** | | | 851,126 | | 813,038 |
| **Sócmhainní Glan Roimh Pinsin** | | | 1,264,530 | | 1,127,729 |
| Sócmhainn Maoinithe Iarchurtha do Phinsin | 7(d) | | 638,900 | | 553,700 |
| Dliteanais Phinsin | 7(f) | | (638,900) | | (553,700) |
| Sócmhainní Glan | | | 1,264,530 | | 1,127,729 |
| **Ionadaithe ag** | | | | | |
| Cuntas Caipitil | 8 | | 413,405 | | 314,691 |
| Barrachas / (Easnamh) Ioncaim & Caiteachais | | | 851,125 | | 813,038 |
| | | | 1,264,530 | | 1,127,729 |

Tá an Ráiteas de bheartais agus prionsabail Cuntasaíochta agus nótaí 1 go 8 mar chuid de na cuntais seo.

## Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine

### Nótaí do na Ráitis Airgeadais don Bhliain dár críoch 31 Nollaig 2006

#### 1 Tuarastail

Faoi Alt 18 den Acht Choimisiún Chearta an Duine 2000, agus é ag socrú íocaíochtaí nó liúntais eile, féachfaidh an Coimisiún do threoirlínte Rialtais nó iad siúd atá comhaontaithe go náisiúnta. Comhlíonfaidh an Coimisiún le haon treoir maidir lena leithéid d'íocaíocht, liúntas, téarmaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh an tAire tabhairt don Choimisiún le toiliú an Aire Airgeadais. Áirítear leis an bhfigiúr do thuarastail íocaíocht bhliantúil, den mhéid chéanna leis sin a bheadh ag Breitheamh den Ardchúirt, don Uachtarán atá faofa ag an Rialtas. Ceapadh an Dr Alpha Connelly mar Phríomhfheidhmeannach don Choimisiún an 10 Meitheamh 2002 agus earcaíodh 10 baill foirne go dtí poist riaracháin agus beartais i rith 2003 agus 2004.

#### 2 Táillí Coimisinéirí

Tá táillí de €14,500 iníoctha do gach duine de na 14 Coimisinéirí.

#### 3 Léas Oibriúcháin

Tá léas 25-bliain ón 17 Samhain 2003, i ndáil le cóiríocht oifige in Teach Jervis. Is é an costas bliantúil an léas ná €301,383 agus tá athbhreithniú cíosa gach cúig bliana.

#### 4 Sócmhainní Seasta

| | Foirgnimh SL Thar 25 Bliain | Trealamh 20% RB | Feistis 20% RB | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| Comhardú 1 Eanáir | 246,375 | 88,281 | 88,916 | 423,572 |
| Breisithe | 130,853 | 3,158 | 0 | 134,011 |
| Diúscairtí | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Comhardú 31 Nollaig** | **377,228** | **91,439** | **88,916** | **557,583** |
| **Dímheas Carntha** | | | | |
| Comhardú 1 Eanáir | 29,565 | 38,775 | 40,541 | 108,881 |
| Muirear don bhliain | 15,089 | 10,553 | 9,675 | 35,297 |
| **Amhail an 31 Nnollaig** | **44,654** | **49,308** | **50,216** | **144,178** |
| **Glan Luach Leabhair** | | | | |
| Comhardú 31 Nollaig 2006 | 332,574 | 42,131 | 38,700 | 413,405 |
| Comhardú 31 Nollaig 2005 | 216,810 | 49,506 | 48,375 | 314,691 |

### 5 Feichiúnaithe

| | € | € |
|---|---|---|
| | 2006 | 2005 |
| Feichiúnaithe | | 400 |
| Réamhíocaíochtaí | 9,069 | 10,088 |
| | **9,069** | **10,488** |

### 6 Creidiúnaithe & Fabhruithe laistigh de 1 bliain

| | € | € |
|---|---|---|
| | 2006 | 2005 |
| Creidiúnaithe Trádála | | |
| (Ceannacháin le h-íoc ag deireadh na bliana) | 30,077 | 11,609 |
| ÍMAT/ASPC | 50,633 | 18,574 |
| Táillí le h-íoc ag Baill an Choimisiúin | 36,138 | 25,776 |
| Cáin Iarchoimeádta Proifisiúnta iníoctha | 4,001 | 0 |
| Fabhruithe | 47,184 | 23,313 |
| | **168,032** | **79,272** |

### 7 Aoisliúntas

#### (a) Sócmhainní na Scéime Pinsin

Feidhmíonn Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine a scéim pinsin mar shocrú pinsin 'Íoc Mar a Chaitear' agus dá bharr sin níl aon sócmhainní aige.

#### Dliteanais na Scéime Pinsin

Ar dháta an chláir comhardaithe,bhí 8 mball ghníomhacha agus 3 bhall iarchurtha. Tá sonraí maidir le ballraíocht agus tuarastail inphinsin curtha ar fáil ag riarthóirí na Scéime. Tá an dliteanas do sheirbhís a rinneadh don Scéim amhail an 31 December 2006 bunaithe ar thuarastail dheireannacha fortheilgtha tugtha sa tábla thíos.

Is iad na príomh-fhoshuímh a úsáideadh ná:

| | 2006 | 2005 |
|---|---|---|
| Ráta Lascaine | 4.60% | 4.00% |
| Ráta Méaduithe i dtuarastail | 4.00% | 4.00% |
| Boilsciú | 2.25% | 2.25% |

Modh Luachála

Modh Aonaid Réamh-Mheasta mar atá forordaithe de réir FRS17.
Tabhair faoi deara go n-ardóidh an costas seirbhíse reatha faoin mhodh seo má ardaíonn meán-aois na mball gníomhach

### (b) Glan-Mhaoiniú Iarchurtha do Phinsin sa Bhliain

| | € | € |
|---|---|---|
| | 2006 | 2005 |
| Maoiniú in-aisghabhála i ndáil le costais phinsin sa bhliain reatha | 109,300 | 102,000 |
| | **109,300** | **102,000** |

### (c) Anailís ar an méid a ghearrtar ar bhrabús oibriúcháin faoi FRS 17

| | € | € |
|---|---|---|
| | 2006 | 2005 |
| Costas seirbhíse reatha | 87,200 | 85,300 |
| Ús ar dhliteanais na scéime pinsin | 22,100 | 16,700 |
| Ranníocaíocht Fostaithe | (30,500) | (27,767) |
| **Muirear Oibriúcháin Iomlán** | **78,800** | **74,233** |

### (d) Sócmhainn Maoinithe Iarchurtha do Phinsin

Aithníonn an IHRC na méideanna seo mar shócmhainn atá ag freagairt don dliteanas neamhmhaoinithe iarchurtha nó pinsin ar bhunús an sraith foshuímh ar cuireadh síos orthu thuas mar aon le líon eachtraí a tharla san am a caitheadh. Áirítear i measc na n-eachtraí seo an bunús reachtúil do bhunú na scéime aoisliúntais, agus an beartas agus cleachtas atá ann faoi láthair i ndáil le pinsin na seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fostaithe agus an próiseas bliantúil meastacháin. Bíodh is nach bhfuil aon chomhaontú foirmeálta ann leis an Roinn Airgeadais maidir leis na méideanna sonracha seo, níl aon fhianaise ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine nach leanfaidh an beartas maoinithe seo ag íoc a leithéid de suimeanna de réir an chleachtais reatha. Is é an sócmhainn maoinithe iarchurtha do phinsin amhail an 31 Nollaig 2006 ná €638,900 (2005: €553,700).

### (e) Anailís ar an méid a aithníodh sa ráiteas de ghnóthachain agus caillteanais iomlána atá aitheanta

| | € | € |
|---|---|---|
| | 2006 | 2005 |
| Caillteanais/(gnóthachain) cleachtadh ag teacht as dliteanais scéime | (31,400) | (16,800) |
| Athruithe i bhfoshuímh | 86,000 | (63,000) |
| Caillteanas/(gnóthachan) achtúireachta aitheanta in STRGL | 54,600 | (79,800) |

### (f) Gluaiseacht i mbarrachas i rith na bliana

| | € | € |
|---|---|---|
| | 2006 | 2005 |
| Barrachas/(Easnamh) i nDliteanas Scéime amhail 1 Eanáir | (553,700) | (371,900) |
| Costas seirbhíse reathan | (87,200) | (85,300) |
| Costas úis | (22,100) | (16,700) |
| Caillteanas/(gnóthachan) achtúireachta aitheanta in STRGL | 54,600 | (79,800) |
| Ranníocaíochtaí fostaithe | (30,500) | 0 |
| **Barrachas Pinsin Glan amhail 31 Nollaig** | **(638,900)** | **(553,700)** |

### g) Stair ghnóthachain agus caillteanais cleachtaidh

| gnóthachain agus caillteanais cleachtaidh ar dhliteanais scéime | 2006 | 2005 |
|---|---|---|
| Méid (€) | (31,400) | (16,800) |
| Céatadán de luach reatha na ndliteanas scéime | (4.9%) | (3%) |

| Méid iomlán aitheanta in STRGL | 2006 | 2005 |
|---|---|---|
| Méid (€) | 54,600 | (79,800) |
| Céatadán de luach reatha na ndliteanas scéime | 8.5% | (14.4%) |

## 8 Cuntas Caipitil

| | | € | | € |
|---|---|---|---|---|
| | | 2006 | | 2005 |
| Comhardú ar Oscailt | | 314,691 | | 340,167 |
| Aistriú ó/(go dtí) Ioncam agus Caiteachas | | | | |
| Sciar den deontas a bronnadh a úsáideadh chun críche caipitil | 134,011 | | 8,849 | |
| Amúchta sa bhliain ag teacht le dímheas sócmhainní | (35,297) | | (34,325) | |
| Gluaiseacht ghlan sa bhliain | | 98,714 | | (25,476) |
| Comhardú ar dúnadh | | 413,405 | | 314,691 |

# AGUISÍNÍ

## AGUISÍN 1

### IHRC Commissioners

Tá 15 ball ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine, atá ceaptha ag an Rialtas ar feadh tréimhse cúig bliana. D'fhreastail an chéad Choimisiún ó Iúil 2001 go dtí Meitheamh 2006. Ceapadh Coimisiún nua an 31 Lúnasa 2006 agus cuireadh tús lena théarma an 2 Deireadh Fómhair 2006. Chuaigh an tUachtarán reatha, an Dr Maurice Manning, i mbun oifige an 1 Lúnasa 2002.

De réir Achtanna Choimisiún um Chearta an Duine 2000 agus 2001, tá ní lú ná seachtar de bhaill an Choimisiúin ina mná agus ní lú ná seachtar ina bhfir. Seo nóta beathaisnéisé ar an Uachtarán agus ar na 14 Coimisinéir a d'fhreastail in 2006:

**MANNING, Maurice (Uachtarán)**
Ceapadh an Dr Maurice Manning mar Uachtarán ar an gCoimisiún i Lúnasa 2002.

Tá cúlra acadúil ag an Dr Manning agus bhí sé i mbun léachtóireachta roimhe seo i gColáiste na hOllscoile Baile Átha Cliath agus ina ollamh cuartaíochta in Ollscoil Phárais (Vincennes) agus Ollscoil Florida Theas. Is ball é de Sheanad Ollscoil Náisiúnta na hÉireann agus d'Údarás Rialaithe Choláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath agus bhí sé ina bhall d'Údarás Rialaithe Institiúid Ollscoil na hEorpa in Florence.

Tá go leor leabhar scríofa ag an Dr. Manning faoi pholaitíocht nua-aimseartha na hÉireann. Bhí sé ina bhall den Oireachtas ar feadh bliain agus fiche, ag freastal sa Dáil agus sa Seanad. Bhí sé ina bhall d'Fhóram Nua na hÉireann agus Eagras Idir-Pharlaiminte na Breataine. Bhí sé ina Cheannaire ar an Seanad agus ina Cheannaire ar an bhFreasúra araon sa Teach sin.

**BINCHY, William**
Ceapadh William Binchy ina Choimisinéir i dtosach in 2001. Tá an tOllamh Binchy ina Ollamh Regius le Dlí i gColáiste na Trionóide, Baile Átha Cliath. Bhí sé ina chomhairleoir speisialta dlí ar athchóiriú dlí teaghlaigh don Roinn Dlí agus Cirt, agus reachtaíocht á ullmhú aige faoi chothú teaghlaigh, cosaint an tí teaghlaigh agus foréigean baile. Mar Chomhairleoir Taighde don Choimisiún um Athchóiriú Dlí, thug sé comhairle ar athchóiriú dlí a bhain le stádas páistí. Bhí sé ina ionadaí ag Éirinn ag Comhdháil Hague ar Dhlí Idirnáisiúnta Príobháideach i réimsí an phósta agus an uchtaithe idir-thíortha. Chuir sé go gníomhach leis an díospóireacht phoiblí ar shaincheisteanna maidir le cearta an duine, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an Lucht Siúil, dídeanaithe, colscaradh agus ginmhilleadh.

Tá an tOllamh Binchy ina eagraí ar chlár faoi bhunreachtúlacht do bhreithiúna Tanzania a tionóladh in Dar es Salaam, tá sé ina chomheagraí ar chlár oiliúna do ghiúistísíocht Botswana agus tá sé ina eagraí ar cheardlann bhliantúil na hAfraice ar bhunreachtúlacht do Phríomh-Bhreithiúna agus do na breithiúna sinsearacha de chuid stáit na hAfraice, a thionóltar i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus atá ann le hocht mbliana anuas. Bhí sé ina Anrá ar Cuairt i gColáiste Corpus Christi, Cambridge do théarma na Féile Míchíl 2002 agus bhí sé ina bhall de choiste Hederman chun Athbhreithniú a dhéanamh ar na hAchtanna um Choireanna in aghaidh an Stáit. Bhí sé ina chomhairleoir don Bhreitheamh Dermot Kinlen, nach maireann, Cigire na bPriosún agus na nIonad Coinneála, agus d'fheidhmigh sé mar chomhairleoir do Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí na hÉireann maidir le córas ceartais Timor-Leste.

**BRAIDEN, Olive**
Ceapadh Olive Braiden ina Coimisinéir i dtosach in 2001 agus ceapadh arís í in 2006. Tá Olive Braiden ag obair sna hearnála deonacha agus pobail le os cionn 20 bliain. Bhí sí ina Stiúrthóir ar an Ionad Éigeandála um Eigniú ar feadh 10 bliain. Bhí baint aici le feachtais chun reachtaíocht i réimse cearta

ban a athchóiriú. Choimisiúnaigh sí taighde ar an dlí maidir le héigniú san Aontas Eorpach agus choimisiúnaigh sé Tuarascáil SAVI, an chéad taighde náisiúnta ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí. D'aimsigh sí maoiniú stáit chun cláir oiliúna a bhunú d'oibrithe pobail san Iúgslaiv mar a bhí agus sa Chosaiv.

I mí Lúnasa 2003 ceapadh Olive Braiden mar Chathaoirleach ar an gComhairle Ealaíon. Tá sí ina ball den bhord Seirbhís Cúirteanna agus den Bord Comhairleach um Cheapacháin Breithiúnacha. Tá sí ina Cathaoirleach freisin ar an nGníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime. Bhí sí ina ball de go leor Páirtithe Oibre Rialtais agus Coistí Stiúrtha. In 2006, cheap an tAire Airgeadais í ar Bhord Tagarmharcáil na Seirbhíse Poiblí agus cheap an tAire Ealaíona, Spóirt agus Turasóireachta í ar Tháscfhórsa na gCluichí Oilimpeacha i Londain 2012. Tá seal caite aici sa Spáinn, sa Fhrainc, sa Bheilg, sa Ríocht Aontaithe, sna Bahámaí agus sa Téalainn le cúig bhliana déag anuas. Bhain sí amach M.Phil i Staidéar Inscní i gColáiste na Trionóide, Baile Átha Cliath in 2003.

**BYRNE, Rosemary**

Ceapadh Rosemary Byrne ina Coimisinéir in 2006. Is Léachtóir Sinsearach í an Dr Byrne i ndlí idirnáisiúnta agus i ndlí chearta an duine i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus tá sí ina hAnrá Taighde ag an Institiúid do Staidéar Comhtháthaithe Idirnáisiúnta. I rith a gairme, bhí sí gníomhach i dtaighde agus i dtacaíocht i réimsí a bhaineann le dlí na himirce, an dídeanaithe agus an tearmainn, agus labhair sí ar chearta an duine i mbreis is 15 tír. D'oibrigh sí le réimse eagraíochtaí neamhrialtasacha idirnáisiúnta agus de chuid na hÉireann agus bhí sí i mbun oiliúna ar chearta an duine do Chomhairle na hEorpa agus do Choiste Helsinki.

Bhí an Dr Byrne in hAnrá Taighde de chuid Rialtas na hÉireann agus ina hAnrá ar Cuairt ag an gClár um Chearta an Duine, Scoil an Dlí in Harvard. Ó 2000, d'oibrigh sí freisin i réimse an cheartais iar-choinbhleachta, agus bhunaigh sí an tionscadal um Phróiseas agus Ceartas Idirnáisiúnta a dhéanann monatóireacht ar na trialacha atá ar siúl ag an mBinse Coiriúil Idirnáisiúnta do Rwanda. Tá céim Bhaitsiléara aici in Eolaíocht Pholaitiúil ó Ollscoil Columbia agus tá Dochtúireacht Juris aici ón Scoil Dlí in Harvard.

**COLLINS, Martin**

Ceapadh Martin Collins ina Choimisinéir in 2001 agus chríochnaigh sé a théarma in 2006. Is Stiúrthóir Cúnta é Martin Collins ar Ionad Pavee Point an Lucht Siúil. Tá taithí fhorleathan aige in obair phobail leis an Lucht Siúil le 17 bliain anuas. Tá ionadaíocht déanta aige ar leas agus ar ábhar imní a phobail féin ag an leibhéal náisiúnta, leibhéal na hEorpa agus ag an leibhéal domhanda ag comhlachtaí éagsúla de chuid Chomhairle na hEorpa agus na Náisiún Aontaithe. Is iarbhall é de Thascfhórsa an Rialtais ar an Lucht Siúil a mbreathnaítear air mar bhunchloch maidir le hanailís agus creatlach nua a chur ar fáil do ghníomhú ar fhadhbanna a bhíonn ag an Lucht Siúil. Bhí sé ina bhall ina dhiaidh sin de Choiste Monatóireachta a bunaíodh chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Thuairisc an Tascfhórsa 1995.

Is ball bunaithe é de Ghluaiseacht Lucht Siúil na hÉireann ina bhfuil ballraíocht de thart ar 80 grúpa Lucht Siúil. Tá sé rannpháirteach, tríd a chuid oibre le Pavee Point, le traenáil frithchiníochas a sholáthar do réimse leathan gairmeanna lena n-áirítear na Gardaí, na múinteoirí agus oibrithe sóisialacha. Bhí sé rannpháirteach go gníomhach freisin san fheachtas do theacht isteach reachtaíocht fhrithleatrom, an tAcht um Stádas Cothrom agus an tAcht um Fhostaíocht Chothrom a thug deis leighis don Lucht Siúil don chéad uair riamh maidir le leatrom mídhleathach.

**DALY, Robert**

Ceapadh Robert Daly ina Choimisinéir i dtosach in 2001 agus ceapadh arís é in 2006. Is saineolaí é an tOllamh Daly maidir le Míordú Strus Iar-coscrach, maidir le tionchar síciatrach ceistiúcháin agus ciaptha agus maidir le gnéithe leighis de chearta an duine go ginearálta. Rinne sé ionadaíocht roimhe seo do Rialtas na hÉireann chuig Coimisiún na hEorpa um Chearta Daonna sa chás ciaptha in aghaidh an RA, bhí sé ina bhall de Bhord Comhairle Leighis Amnesty International a bhain amach duais síochána na hEorpa, thug sé comhairle d'Aontas Saoirsí Sibhialta Mheiriceá agus bhí sé ag obair do dhaoine a bhí gortaithe de bharr mí-úsáide i Stáit Mheiriceánacha Theas agus Cogaidh na mBalcán. Rinne sé luacháil ar chláir de chuid Choimisiún na hEorpa agus Chomhairle na hEorpa i go leor codanna den domhan. Bhí sé ina thraenálaí freisin don Choiste um Chosc Ciaptha, d'oibrithe cearta daonna i gcoimhlint na Cosaive srl. Bhí sé ina fhinné saineolach ar go leor cásanna bainteach le cearta daonna ar dhá thaobh na teorann agus sa RA.

Tá sé ar Choiste Cumann Síciatrach Domhanda faoi láthair ag déileáil le líomhaintí mí-úsáide agus mar Chathaoirleach Rannóg na hÉireann do Choláiste Ríoga na Síciatraithe. Thug sé comhairle don Aire Sláinte faoi athruithe sa Dlí Sláinte Meabhraí. Bhí sé ina Dhéan Leighis agus ceannaire ar Roinn Síciatrach i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, Stiúrthóir Clinice i mBord Sláinte an Deiscirt agus ina bhall den Chomhairle um Thaighde Leighis.

**EGAN, Suzanne**

Ceapadh Suzanne Egan ina Coimisinéir i dtosach in 2001 agus ceapadh arís í in 2006. Tá Suzanne Egan ina léachtóir i nDlí Cearta Daonna Idirnáisiúnta agus Eorpach i nDámh an Dlí i gColáiste na hOllscoile, BÁC ó 1992 i leith. Is abhcóide cáilithe í agus tá céim mháistreachta i nDlí aici ó Scoil Dlí, Osgoode Hall i Toronto. Bhí sí ina Maor Dlíthiúil ar ionad neamhspleách taighde ar dhlí agus polasaí teifeach i gCeanada (1989 – 1991) agus Cúntóir Taighde ag an gCoimisiún um Leasú Dlí in Éirinn sula raibh sí ina léachtóir i gColáiste na hOllscoile, BÁC. Is ball bunaithe í de Ghrúpa Polasaí um Chosaint Teifeach in Éirinn, grúpa neamhspleách dlíodóirí, lucht acadúil agus daoine eile atá ag obair i réimse dlí agus polasaí teifeach. Is iarbhall í freisin den Choiste Feidhmeannach de Chomhairle Teifeach na hÉireann.

Tá go leor foilsithe ag Suzanne Egan i réimse chearta an duine, maidir le dlí agus polasaí teifeach ach go háirithe, agus bhí baint aici le hoiliúint chearta an duine d'eagraíochtaí éagsúla neamhrialtasacha, Comhairle na hEorpa, agus do bhaill de ghairm an dhlí.

**FARRELL, Michael**

Ceapadh Michael Farrell ina Choimisinéir i dtosach in 2001 agus ceapadh arís é in 2006. Bhí baint mhór ag Michael Farrell le gluaiseacht Chearta an Duine i dTuaisceart na hÉireann sna 60í agus bhí sé páirteach i bhfeachtais i ndáil le go leor saincheisteanna maidir le cearta sibhialta agus cearta an duine le tríocha bliain anuas. Bhí sé rannpháirteach i bhfeachtais do Sheisear Birmingham agus daoine eile a d'fhulaing de bharr mhí-riaradh dlí sna 80í agus i bhfeachtas in aghaidh cinsireachta pholaitiúla faoi Alt 31 den Acht Craoltóireachta. Bhí sé ina Leaschathaoirleach agus ansin ina chomhchathaoirleach ar Chomhairle na hÉireann do Shaoirsí Sibhialta don chuid is mó de na 90í agus bhí sé rannpháirteach i bhfeachtais maidir le cearta daoine aeracha, colscaradh, dlíthe cothromais, cearta teifeach, in aghaidh ciníochais, agus maidir le háireamh Coinbhinsiún na hEorpa ar Chearta Daonna i ndlí na hÉireann.

Tá M.Sc i bPolaitíocht aige agus bhíodh sé ina iriseoir agus ina údar. Is dlíodóir anois é agus oibríonn sé don Free Legal Advice Centres Ltd (FLAC) agus tá sé ina Leas-Chathaoirleach ar Choiste um Chearta an Duine de chuid an Chumainn Dlí. Bhí sé rannpháirteach i gcásanna a

tugadh chuig Cúirt na hEorpa um Chearta an Duine agus eagraíochtaí idirnáisiúnta eile. Rugadh agus tógadh i gCo. Dhoire é, mhair sé i mBéal Feirste ar feadh 20 bliain sula bhog sé go BÁC áit ina bhfuil sé ina chónaí anois.

### HARDING CLARK, Maureen

Ceapadh Maureen Harding Clark ina Coimisinéir in 2004 agus chríochnaigh sí a téarma in 2006. Cháiligh Maureen Harding Clark ina habhcóide i mBÁC i 1975 tar éis di oideachas ollscoile a bhaint amach i Lyons, Ollscoil Bhaile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide agus Óstaí an Rí. Chuaigh sí i mbun a ceirde ar Chuaird an OirDheiscirt ar dtús agus ansin ina hAbhcóide Sinsearach i mBÁC ó 1991 i leith. Bhí cleachtadh cuimsitheach dlí bunaithe aici le saineolas sa Dlí Coiriúil agus Neamart Leighis. Ghníomhaigh sí ar son chlanna an mharbhánaigh ag go leor binsí fiosrúcháin agus ghníomhaigh sí ar son an Rialtais i go leor cásanna a bhain le páistí le riachtanais speisialta. Bhí sí ar Chomhairle an Bharra agus í ina hAbhcóide Sinsearach. Ba í ceann de na Céad Breithimh ad *Litem* í ag an bhFiosrúchán Idirnáisiúnta Coiriúil ar son na hIar-Iúgoslaive sa Háig. Toghadh í agus í mar Bhreitheamh de chuid an ICTY mar Bhreitheamh den Chúirt Idirnáisiúnta Choiriúil agus ghlac sí leis an mionn ar Márta 11 2003.

Ó shin i leith, bhí an-pháirt ag Maureen Harding Clark i gCláir For-rochtana don Chúirt. Thaistil sí go dtí an tSíle, SAM, an Chóiré Theas, an Ríocht Aontaithe agus go leor de phríomhchathracha na hEorpa chun saincheisteanna ICC a phlé le breithimh, polaiteoirí agus lucht acadúil. Bhí sí ina cathaoirleach ar Fhiosrúchán Ospidéil Lourdes don Roinn Sláinte agus Leanaí. D'éirigh sí as an gCúirt Idirnáisiunta Choiriúil agus as an gCoimisiún chun post a ghlacadh ar Ardchúirt na hÉireann go déanach in 2006.

### KELLY, Nuala

Ceapadh Nuala Kelly ina coimisinéir in 2001 agus chríochnaigh sí a téarma in 2006. D'oibrigh Nuala Kelly ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta chun meas agus forfheidhmiú chearta an duine a chinntiú d'imirceoirí agus príosúnaithe na hÉireann thar lear. Mar iar-Chomhordaitheoir ar Choimisiún na hÉireann um Phríosúnaigh Thar Lear, chabhraigh sí comhordú a dhéanamh ar fheachtais chun cearta Seisear Birmingham, Ceathrar Guildford, Muintir Mhaguidhir, agus daoine eile a sáraíodh ar a gcearta, a cheartú agus chuir sí cás seirbhíse le chéile do gach príosúnach thar lear. D'oibrigh sí ar thograí a bhain le príosúnaithe cosúil le Expac agus an tIontaobhas Oideachasúil, eagras trasteorann a dháileann deontais do hiarphríosúnaithe d'oideachas agus traenáil. Bíonn sí i mbun obair thaighde agus chomhairliúcháin freisin ag díriú ar shaincheisteanna príosúin, imirce agus polasaí sóisialta.

Bhí Nuala Kelly rannpháirteach san Fhóram do Shíocháin agus Athmhuintearas agus ina ball den Fhóram Comhairleach do Chlár Síochána an AE. Bhí sí ina ball freisin de Ghrúpa Oibre Chearta an Duine de chuid Choimisiún na hÉireann do Cheartas agus Síocháin. Tá sí ag obair faoi láthair don Chlár Uilechuimsitheacht Shóisialta Fhorbairt Áitiúil, a thacaíonn le rannpháirtíocht ó dhaoine, pobail agus grupaí san obair Pháirtnéireacht Ceantair chun comhionannas agus athrú sóisialta a chur chun cinn.

### LEAHY, Alice

Ceapadh Alice Leahy ina Coimisinéir in 2006. Tá Alice Leahy ina Stiúrthóir ar TRUST, eagraíocht a raibh sí ina comhbhunaitheoir uirthi in 1975. Eagraíocht í TRUST atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus a thugann seirbhísí sláinte agus seirbhísí gaolmhara eile do dhaoine atá gan dídean. Tá sí ina hiarChathaoirleach ar an nGrúpa um Athbhreithniú Pianbhreithe.

Ta Alice Leahy freisin ina scríbhneoir, tráchtaire, craoltóir agus ina léachtóir, agus cuireann sí chun cinn tuiscint ar riachtanais an strainséara inár sochaí agus bíonn sí ag iarraidh teacht ar bhealaí praiticiúla chun gníomhú i gcoinne eisiata

sóisialta. Bíonn sí ag léachtóireacht go forleathan agus chuir sí go díreach le beartas poiblí mar bhall de chomhlachtaí éagsúla polasaí cosúil leis an gCoimisiún ar Choiriúlacht de chuid an Ard-Mhéara a raibh an Breitheamh Michael Moriarty in chathaoirleach air; an Meitheal Oibre a bhunaigh an tAire Sláinte chun iniúchadh a dhéanamh ar an gcúram atá á fháil acu sin a bhfuil meabhairghalar suaithmheonach acu; agus an Fóram Náisiúnta um Choiriúlacht. D'fhoilsigh Townhouse Publications a leabhar is déanaí in 2003, *With Trust in Place – Writing from the Outside*, ar théama an strainséara. Mar aitheantas ar an obair atá déanta ag TRUST, tá roinnt duaiseanna faighte aici, lena n-áirítear dochtúireacht onórach ó UCD mar aon leis an Duais do Dhuine na Bliana Tiobrad Árainn do 2004.

### McGRORY, Clodach

Ceapadh Clodach McGrory ina coimisinéir in 2001 agus chríochnaigh sí a téarma in 2006. Bhain sí céim i nGaeilge amach i gColáiste na Tríonóide, BÁC, i 1986 agus teastas i staidéir dlí ghairmiúla agus LLM i gCearta an Duine agus Dlí Éigeandála ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste. Bhí sí ag obair ina habhcóide i dTuaisceart na hÉireann agus ina dhiaidh sin in Ionad Dlí Thuaisceart na hÉireann. Bhí sí ina ball gníomhach den Eagraíocht Neamhrialtasach atá bunaithe i mBéal Feirste, an Coiste um Riarachán an Cheartais. I 1997, ceapadh í chuig an gCoiste Caighdeánach Comhairlithe um Chearta an Duine i dTuaisceart na hÉireann.

Tar éis Chomhaontú Aoine an Chéasta ceapadh í ina Coimisinéir Athbhreithniú Pionóis. Bhí freagracht aici sa phost seo do shaorú príosúnaithe a ciontaíodh faoin reachtaíocht éigeandála i dTuaisceart na hÉireann. Tá ceapachán páirtaimseartha dlíthiúil aici mar Chathaoirleach ar an mBinse Achomharc do Shlándáil Shóisialach ó Bhealtaine 2002. Ceapadh í chuig Coimisiún Athbhreithniú Pionós Saoil, eagras neamhspleách a dhéanann cinntí maidir le saorú príosúnaithe saoil, a cuireadh i bpríosún faoi reachtaíocht nach reachtaíocht éigeandála i dTuaisceart na hÉireann í in Iúil 2002.

### NÍ AOLÁIN, Fionnuala

Ceapadh Fionnuala Ní Aoláin ina coimisinéir in 2001 agus chríochnaigh sí a téarma in 2006. Is Ollamh Dlí san Institiúid do Cheartas Idirthréimhsiúil de chuid Ollscoil Uladh í i mBéal Feirste, Tuaisceart Éireann, agus ag am céanna tá Ollúnacht Dorsey agus Whitney i nDlí aici in Ollscoil Minnesota. Tá sí ina comh-bhunaitheoir agus ina Stiúrthóir Comhlach den Institiúid. Fuair sí a LLB agus PhD i ndlí ó Dhámh an Dlí, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste. Tá céim LLM aici freisin ó Scoil Dlí Columbia. Tá go leor duaiseanna agus onóracha acadúla gnóthaithe aici, lena n-áirítear scoláireacht Fulbright, Duais Alon, Scoláireacht Robert Schumann, duais de chuid Choimisiún na hEorpa, mar aon le hAnrácht Lawlor.

Bhí an tOllamh Ní Aoláin ina hionadaí don Chúisitheoir ag an mBinse Coiriúil Idirnáisiúnta don Iar-Iúgaslaiv ag trialacha intíre do choireanna cogaidh sa Bhoisnia (1996-97). In 2003, cheap Rúnaí-Ginearálta na Náisiún Aontaithe í mar Shaineolaí Speisialta d'fhonn comhionannas inscne a chur chun cinn in uaireanta coimhlinte agus déanamh síochána. In 2004, d'ainmnigh Rialtas na hÉireann í do Chúirt na hEorpa um Chearta an Duine, an chéad bhean agus an chéad dlíodóir acadúil a fuair a leithéid d'ainmniúchán. Cheap an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí í chuig Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine in 2001, agus tá sí ina ball de Chomhchoiste Choimisiún Tuaisceart Éireann um Chearta an Duine agus Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine a cruthaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta. Is ball tofa í de Choiste Feidhmeannach de chuid an Choiste um Riaradh an Cheartais atá lonnaithe i mBéal Feirste, agus tá sí ina ball freisin de Chomhairle na hÉireann um Chearta an Duine.

### O'HEGARTY, Lia

Ceapadh Lia O'Hegarty mar Choimisinéir in 2006. Is céimí í Lia O'Hegarty de chuid UCC (BCL),

Ollscoil Michigan (LLM) agus Ollscoil Harvard (LLM). Glaodh chun an Bharra í in 1996. D'oibrigh sí mar thaighdeoir don Choimisiún um Athchóirithe Dlí ar feadh roinnt blianta. D'oibrigh sé mar léachtóir freisin ar bhonn uaineach i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus i gColáiste na hOllscoile Corcaigh.

In 2000, ceapadh Lia O'Hegarty mar Chomhairleoir Dlíthiúil Parlaiminteach do Thithe an Oireachtais. Ó shin, tá a comhairleoireacht féin bunaithe aici, ag déileáil le reachtaíocht agus le cúrsaí poiblí.

### O'HIGGINS, Tom

Ceapadh Tom O'Higgins ina Choimisinéir i dtosach in 2001 agus ceapadh arís é in 2006. Is cuntasóir cairte é an tUasal O'Higgins agus tá céim aige san Eacnamaíocht agus sa Stair ó Choláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath agus i mBainistíocht Acmhainní Daonna ó Scoil Ghnó Sheffield. Is iaruachtarán é ar Institiúid na gCuntasóirí Cairte, tá sé ina bhall den Institiúid Pearsanra agus Forbartha agus den Institiúid Cánachais.

Bhí an tUasal O'Higgins ina pháirtnéir ag PricewaterhouseCoopers ó 1969 go 2000, áit a raibh sé ina phríomhpháirtnéir iniúchta agus ina Cheannaire ar Acmhainní Daonna. Leanann sé ag cabhrú le heagraíochtaí i ndáil le saincheisteanna earcaíochta agus acmhainní daonna agus is ball é de bhoird roghnaithe don Choimisiún um Cheapacháin Phoiblí agus do chomhlachtaí eile. Tá sé ina Chathaoirleach ar Ospidéal na mBan, Coombe, agus bhí sé ina Chathaoirleach le déanaí agus tá sé ina bhall de Bhord Concern Worldwide. Is stiúrthóir é ar Iontaobhas Oideachasúil na hÉireann um Uileloscadh agus ar líon comhlachtaí príobháideacha. Is speisialteoir é maidir le rialachas corparáideach, agus tá sé ina chathaoirleach agus ina bhall de choistí iniúchta líon comhlachtaí stáit agus státurraithe. Tá sé ina bhall freisin de Praesta Partners Ireland, eagraíocht oiliúnaithe agus meantóireachta d'fheidhmeannaigh.

### O'NEILL, Helen

Ceapadh Helen O'Neill ina Coimisinéir in 2006. Is Ollamh Emeritus í an tOllamh O'Neill san Ionad do Staidéar Forbartha in UCD, áit a raibh sí ina co-bhunaitheoir air. Bhain sí céim BComm amach in UCD agus fuair sí céimeanna Máistreachta agus PhD in Eacnamaíocht ag Ollscoil McGill, Montreal, Ceanada. Bhí sí ina hUachtarán ar Chumann na hEorpa d'Institiúidí Taighde agus Oiliúna Forbartha in Éirinn ó 1993 to 1999, ina hUachtarán ar Chumann Staidéir Ceanada na hÉireann ó 2000 go dtí 2002, agus bhí sí ina cathaoirleach ar Choiste Comhairleach de chuid rialtas na hÉireann ar Chomhoibriú Forbartha agus ar Choimisiún na hÉireann um Cheartas agus Síocháin.

Tá an tOllamh O'Neill ina ball de líon coistí idirnáisiúnta lena n-áirítear an coiste polasaí ar thíortha atá i mbéal forbartha de chuid na Comhairle Idirnáisiúnta Eolaíochta (ICSU). Bhí sí ina hollamh ar cuairt i líon institiúidí, lena n-áirítear Ollscoil Saimbia, Institiúid an Bhainc Dhomhanda, agus Ollscoil Corvinus, Budapest. Tá tascanna déanta aici d'eagraíochtaí idirnáisiúnta (lena n-áirítear an Banc Domhanda agus UNIDO) in os cionn dosaen tíortha san Afraic agus sa réigiún tras-Chugais. D'fheidhmigh sí mar shaineolaí don Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta sa Bhruiséil maidir le réimse leathan saincheisteanna a bhaineann le caidrimh idirnáisiúnta agus le forbairt réigiúnach agus d'fheidhmigh sí mar chomhairleoir do DG Development agus do Chúnamh ó Éirinn. Tá go leor foilsithe aici ar thopaicí a bhaineann le forbairt agus le caidrimh idirnáisiúnta agus tá aoi-léachtaí tugtha aici in ollscoileanna ar gach mór-roinn sa domhan. Bronnadh onóir an festschrift uirthi in 2006 (*Trade, Aid and Development*, foilsithe ag UCD Press).

### QUINN, Gerard

Ceapadh Gerard Quinn ina Choimisinéir i dtosach in 2001 agus ceapadh arís é in 2006. Is ollamh le Dlí é an tOllamh Quinn in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Glaodh chun barra na hÉireann é in 1983

agus tá Dochtúireacht aige in Eolaíocht Dhlíthiúil ó Harvard (SJD). Is iarStiúrthóir Taighde é ag an gCoimisiún um Athchóiriú Dlí agus bhí sé ina cheannaire ar fhoireann taighde dhlí an Choimisiúin ar Stádas Daoine le Míchumas. D'oibrigh sé le Coimisiún na hEorpa ar shaincheisteanna ginearálta ar chearta an duine agus ar ullmhúchán ionstraim polasaí de chuid an AE i réimse cearta míchumais chomh maith. Is Stiúrthóir é ar Líonra AE de Dhlíodóirí Leatrom Míchumais agus anois tá sé ina cho-stiúrthóir ar Líonra AE níos mó ar dhli an Idirdhealaithe maidir le gach foras, lena n-áirítear aois, cine agus míchumas.

Tá an tOllamh Quinn ina iarChéad Leasuachtarán ar Choiste na hEorpa um Chearta Sóisialta (Comhairle na hEorpa). Is ball é de bhoird chomhairleacha taighde an Land Mine Survivors Network (Washington DC) agus Fondúireacht Soros Clár Monatóireachta an AE maidir leis na Tíortha Aontachais ar Mhíchumas (Búdaipeist). Bhí sé ina bhall de Mheitheal Oibre na Náisiún Aontaithe a tionóladh chun conradh a dhréachtú maidir le cearta daoine le míchumas. Tá go leor foilsithe aige ar chearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha, faoi chearta daoine le míchumas agus faoin AE agus cearta an duine.

### SWEETMAN, Roger

Ceapadh Roger Sweetman ina Choimisinéir in 2006. Go dtí 1981, bhí an tUasal Sweetman ina dhlíodóir ag obair le (agus ina Pháirtnéir níos déanaí) Herman, Good & Co. Liostáil sé ansin in Ostaí an Rí. Ó 1979 go dtí 1989, bhí sé ina theagascóir/comhairleoir in Abhcóideacht agus Dlí Coiriúil do Scoil an Dlí de chuid Dlí-Chumann Corpraithe na hÉireann. In 1983, bronnadh an chéim Abhcóide air agus glaodh chun an Bharra é. Ar feadh na gcéad 19 bliain eile, d'oibrigh sé ag an mBarra i mBaile Átha Cliath agus ar Chuaird an Oirthir. Tar éis dó a bheith ceaptha ar Phainéal Ionchúiseamh Bhaile Átha Cliath de chuid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, bhain an chuid is mó dá chleachtas ina dhiaidh sin le coiriúlacht, idir ionchúiseamh agus chosaint.

In 2002, scaoileadh an tUasal Sweetman isteach ag an mBarra Istigh, áit ar ghníomhaigh sé mar Phríomhchomhairle, don chosaint go príomha, i gcásanna tromchúiseacha coiriúla. Bhí baint aige freisin i réimsí habeas corpus agus in athbhreithniú dlíthiúil. Mar chleachtóir dlí coiriúil, bhí baint aige i bhfógairt agus i gcosaint chearta an duine a bhaineann leo siúd a bhfuil coireanna curtha ina leith i raon réimsí.

### TAYLOR, Mervyn

Ceapadh Mervyn Taylor ina Choimisinéir i dtosach in 2001 agus ceapadh arís é in 2006. Is iarAire Comhionannais agus Athchóirithe Dlí é Mervyn Taylor agus bhí sé ina Theachta Dála ar feadh níos mó ná 16 bliain. Bhí sé ina Leas-Phríomhaoire Rialtais ó 1982 go 1987. Nuair a bhí sé sa fhreasúra, bhí go leor post aige mar urlabhraí, lena n-áirítear Oideachas, Dlí agus Ceartas, Airgeadas, Seirbhís Phoiblí, Tionscail agus Tráchtáil agus Comhionannais Fostaíochta agus Athchóiriú Dlí.

Tá an tUasal Taylor ag obair mar dhlíodóir le 40 bliain anuas ach amháin i rith na tréimhse ina raibh sé ina Aire. Is iarbhall é de Choiste Monatóireachta na hEorpa ar Chiníochas agus Seineafóibe.

### ZAPPONE, Katherine

Ceapadh Katherine Zappone ina Coimisinéir i dtosach in 2001 agus ceapadh arís í in 2006. Is fealsúnaí, oideachasóir agus comhairleoir neamh-spleách taighde ar pholasaí poiblí í an Dr. Zappone. Mar iarPhríomhfheidhmeannach ar Chomhairle Náisiúnta na mBan in Éirinn, bhí sí páirteach i líon coistí agus meithleacha oibre ag leibhéal náisiúnta, na Eorpa agus idirnáisiúnta chun cearta eacnamaíocha agus sóisialta ban agus cothromas inscne a chur chun cinn. Is iarb-hall í de Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch is Sóisialta na hÉireann agus bhí sí i mbun go leor tograí náisiúnta taighde faoi pholasaí poiblí agus cothromas inscne, mar aon le cothromas in

oideachas leanaí. Is comhbhunaitheoir agus Cathaoirleach í ar An Cosán, eagraíocht mhór phobail i dTamhlacht Thiar i mBaile Átha Cliath, atá tiomanta deireadh a chur leis an mbochtanas trí oideachas. Chaith sí deich mbliana i mbun léachtóireachta i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath in eitic agus i gcearta an duine agus bhí sí ag léachtóireacht i gCeanada, san Astráil, san Eoraip, i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus ar fud na hÉireann. D'fhoilsigh sí go leor faoi fheimeanachas, eitic, ceisteanna comhionannais agus oideachas, bíonn sí i mbun taighde, i mbun comhairliúcháin agus i mbun teagaisc. I measc a cuid saothar tá: *Charting the Equality Agenda: A Coherent Framework for Equality Strategies in Ireland North and South* (2001) agus *Re-Thinking Identity: The Challenge of Diversity* (2003). Tá PhD in Oideachas agus Reiligiún aici ó Boston College.

## AGUISÍN 2

### Coiste an IHRC amhail an 31 Nollaig 2006

Aontaíodh ag Seisiún Iomlánach an 2 Samhain 2006 go socrófar struchtúr nua do choistí a mbeadh sé mar thoradh air go mbeadh laghdú i líon na gcoistí ó 10 go 5 agus go gcónascfar agus/nó go n-athdhréachtfar téarmaí tagartha na gcoistí a bhí ann roimhe sin.

Bheadh an struchtúr nua mar seo a leanas:

1. Coiste Airgeadais, Iniúchta agus Críocha Ginearálta
2. Coiste Inscne & Comhionannais, Cearta Eacnamaíocha, Sóisialta & Cultúrtha agus Míchumas
3. Coiste ar Chiníochas, Gainneáil & Imirce
4. Coiste ar Riaradh an Cheartais
5. Coiste Obair Cáis

### Coiste ar Riaradh an Cheartais

#### 1 Eanáir go 2 Samhain 2006:

**Baill**

Maurice Manning (Tionólaí), Michael Farrell, Fionnuala Ní Aoláin, William Binchy, Maureen Harding Clark, Nuala Kelly, Clodach McGrory.

**Téarmaí Tagartha**

1. Cuspóirí Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine a chur chun cinn i bpríomh-réimse Riaradh an Cheartais, lena n-áirítear an tsaincheist i ndáil le dlíthe éigeandála
2. Tosaíochtaí a aithint agus straitéis a fhorbairt i ndáil le príomh-réimse Riaradh an Cheartais, mar atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach 2003–2006
3. Imscrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ar cheart don Choimisiún dul i ngleic le saincheist Achtanna na gCiontuithe in aghaidh an Stáit 1939–1989

### Coiste Taighde:

#### 1 Eanáir go 2 Samhain 2006:

Fionnuala Ní Aoláin (Tionólaí)),
Maurice Manning, William Binchy, Suzanne Egan

**Téarmaí Tagartha**

Forbairt a dhéanamh, faoi réir ag discréid an Choimisiúin, beartas agus straitéis an Choimisiúin maidir le taighde mar aon le maoirseacht agus comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí taighde an Choimisiúin

### Coiste um Riaradh an Cheartais

#### 2 Samhain go 31 Nollaig 2006

Cónáscadh an **Coiste um Riaradh an Cheartais** agus an **Coiste Taighde** agus athainmníodh iad mar:
Coiste um Riaradh an Cheartais

**Baill**

William Binchy (Tionólaí), Roger Sweetman, Lia O'Hegarty, Gerard Quinn, Robert Daly, Michael Farrell, Suzanne Egan, Maurice Manning

**Téarmaí Tagartha**

Chuirfí na Téarmaí Tagartha Molta faoi bhráid cruinniú iomlánach den Choimisiún in Eanáir 2007

## Coiste Obair Cáis

### 1 Eanáir go 2 Samhain 2006

**Baill**

Maurice Manning (Tionólaí), Robert Daly, Mervyn Taylor.

**Téarmaí Tagartha**

1. Nósanna imeachta a bhúnú do chomhlíonadh feidhmeanna an Choimisiúin faoi ailt 8(f) (i ndáil le halt 9 (1) (a)), 8(h) agus (k) d'Acht Choimisiún Chearta an Duine 2000 (an tAcht), faoi réir ag faomhadh ó sheisiún iomlánach

2. Breithniú a dhéanamh ar mholtaí ón bPríomhfheidhmeannach i ndáil le comhlíonadh fheidhmeanna an Choimisiúin faoi ailt 8(f) (i ndáil le halt 9(1)(a)), 8(h) agus (k) den Acht, agus tuairisciú don Choimisiún agus é ag suí i seisiún iomlánach air sin.

3. Breithniú a dhéanamh ar ábhair a chuirfear faoina bhráid ag an bPríomhfheidhmeannach faoi ailt 9(1)(b) nó 10 den Acht agus aon mholadh air sin a dhéanamh don Phríomhfheidhmeannach, nó an t-ábhar a chur faoi bhráid seisiúin iomlánaigh d'fhonn a thuairimí a fháil.

4. Forbairt a dhéanamh, faoi réir ag treoir an Choimisiúin agus faoi réir ag tarmligean aon fheidhm don Phríomhfheidhmeannach, ar bheartas agus straitéis an Choimisiúin i ndáil le hobair cáis agus moltaí a dhéanamh don Choimisiún agus é ag suí i seisiún iomlánach air sin

5. Breithniú a dhéanamh ar iarratais ó dhaoine aonair nó moltaí ón Phríomhfheidhmeannach, ag leanacht ar Threoirlínte Amicus Curiae an Choimisiúin, go ndéanfadh an Coimisiún iarratas, ag leanacht ar alt 9(h) den Acht, don Ardchúirt nó don Chúirt Uachtarach d'fhonn saoirse a fháil láithriú roimh an chúirt ábhartha mar amicus curiae in imeachtaí roimh an chúirt ábhartha a bhaineann le cearta an duine aon duine agus moltaí a dhéanamh don Choimisiún agus é ag suí i seisiún iomlánach air sin

6. Breithniú a dhéanamh ar iarratais ó dhaoine aonair nó moltaí ón Phríomhfheidhmeannach go dtionscnóidh an Coimisiún imeachtaí dlí ag lorg faoisimh i ndáil le hábhar a bhaineann le cearta an duine, ag leanacht ar ailt 8(k) agus 11 den Act agus d'fhonn moltaí a dhéanamh don Choimisiún agus é ag suí i seisiún iomlánach air sin

## Coiste Obair Cáis:

### 2 Samhain go 31 Nollaig 2006:

**Baill**

Maurice Manning (Tionólaí), Mervyn Taylor, Roger Sweetman

**Téarmaí Tagartha**

Mar atá luaite thuas

## Coiste ar Mhíchumas:

### 1 Eanáir go 2 Samhain 2006:

**Baill**

Gerard Quinn (Tionólaí), Maurice Manning, Katherine Zappone, William Binchy, Olive Braiden

**Téarmaí Tagartha**

Breithniú a dhéanamh ar mholtaí mar aon le moltaí a dhéanamh do sheisiún iomlánach i ndáil le cur chun cinn agus cosaint na gcearta atá ag daoine le míchumais

## Coiste ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha:

**1 Eanáir go 2 Samhain 2006**

**Baill**

Maurice Manning (Tionólaí), Katherine Zappone, Suzanne Egan, Martin Collins, William Binchy, Nuala Kelly, Gerard Quinn

**Téarmaí Tagartha**

1. Polasaí an Choimisiúin ar chosaint agus réadú forásach cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha, mar atá leagtha amach i bPlean Straitéiseach an Choimisiúin a chur i bhfeidhm, agus oibriú nuair is féidir le heagraíochtaí reachtúla agus neamhreachtúla eile sa réimse sin

2. Moltaí d'fhorbairt beartais a dhéanamh chuig an gCoimisiún agus moltaí do thaighde chuig Coiste Taighde an Choimisiúin.

3. Ról a imirt i bhfeasacht agus tuiscint a chur chun cinn ar nádúr cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha agus díriú ar mhodhanna cuí chun go mbeadh éifeacht phraiticiúil acu.

4. Na gnéithe sin de dhlí, beartas agsu cleachtas intíre a imríonn tionchar ar shancheisteanna an bhochtanais agus ísliú an bhochtanais a choinneáil faoi athbhreithniú

## Coiste ar Inscne & Comhionannas:

**1 Eanáir go 2 Samhain 2006:**

**Baill**

Maurice Manning (Tionólaí), Katherine Zappone, Suzanne Egan, Olive Braiden

**Téarmaí Tagartha**

1. Peirspictíocht atá bunaithe ar chearta a chinntiú i bhfeidhmiúchán tiomantais an Rialtais chun idirdhealú in aghaidh ban a dhíbirt

2. Beartas an Choimisiúin ó thaobh cur in aghaidh idirdhealú in aghaidh ban a chur i bhfeidhm agus comhionannas na mban a chur chun cinn, ag obair nuair is féidir le grúpaí ban

3. Maoirseacht a dhéanamh agus cur le scáth-thuarascáil an Choimisiúin i ndáil le dul chun cinn an Rialtais do Choiste na Náisiún Aontaithe ar an gCoinbhinsiún maidir le Idirdhealú in aghaidh Ban a Dhíothú. Sa mhéid sin:

4. Scóp aighneacht an Choimisiúin a aithint

5. Príomh-réimsí d'idirghabháil an Choimisiúin a aithint

6. Réimsí taighde agus bailiú eolais a aithint chun an bonn a sholáthar do bharúlacha ar thuarascáil an Rialtais

7. Caidrimh a bhunú le comhghuaillíocht chearta an duine na mban (tionscnamh a dhéanann comhordú ar an scáth-thuarascáil NGO)

8. Breithniú a dhéanamh maidir le cuireadh a thabhairt do shaineolaithe seachtracha oibriú leis an gCoimisiún

9. Buaileadh le Coiste na Náisiúin Aontaithe maidir le haighneacht an Choimisiúin

10. Moltaí a dhéanamh don Choimisiún i gcóir taighde a bhaineann le, agus i gcóir forbairtí ar, a bheartas ar inscne agus ar chearta na mban

## An Coiste Inscne & Comhionannas, Cearta Eacnamaíocha, Sóisialta & Cultúrtha & Míchumais

### An 2 Samhain rinneadh cónasc idir na Coistí seo a leanas

An Coiste Míchumais, an Coiste ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta & Cultúrtha, an Coiste ar Inscne & Comhionannas agus athainmníodh é mar seo a leanas:

An Coiste Inscne & Comhionannas, Cearta Eacnamaíocha, Sóisialta & Cultúrtha & Míchumais

**Baill**

Katherine Zappone (Tionólaí), Gerard Quinn, Helen O'Neill, Alice Leahy, Olive Braiden, William Binchy, Lia O'Hegarty

*D'aontaigh an Coiste ar Théarmaí Tagartha le bheith glactha ag a chéad chruinniú eile in 2007.*

## Coiste Airgeadais agus Iniúchta:

### 1 Eanáir go 2 Samhain 2006:

**Baill**

Tom O'Higgins (Tionólaí), Maurice Manning, Mervyn Taylor, Alpha Connelly

**Téarmaí Tagartha**

Comhairle a chur ar an gCoimisiún agus ar an bPríomhfheidhmeannach ar gach ceist maidir le caiteachas agus buiséad an Choimisiúin mar aon le coinneáil agus iniúchadh chuntais an Choimisiúin

## Coiste ar Rialachas agus Bainistíocht:

### 1 Eanáir go 2 Samhain 2006

**Baill**

Tom O'Higgins (Tionólaí), Katherine Zappone, Robert Daly, Olive Braiden

**Téarmaí Tagartha**

Lán-éisteacht a thabhairt d'ábhar inmí an Uachtaráin agus an Phríomhfheidhmeannaigh d'fhonn protacáil a fhorbairt a bhaineann le socruithe oibre agus le rólanna ar leithligh, agus d'fhonn ábhair oibriúcháin agus rialachais maidir le hobair sa todhchaí a shoiléiriú, a bheidh inghlactha do na páirtithe agus don Choimisiún

## Coiste Airgeadais, Iniúchta & Críocha Ginéarálta

### An 2 Samhain rinneadh cónasc idir na Coistí seo a leanas

**Coiste Airgeadais agus Iniúchta, Coiste Íocaíochta agus an Coiste ar Rialachas agus Bainistíocht** agus athainmníodh é mar seo:

Coiste Airgeadais, Iniúchta & Críocha Ginéarálta:

**Baill**

Tom O'Higgins (Tionólaí), Olive Braiden, Robert Daly, Katherine Zappone, Maurice Manning, Mervyn Taylor

**Téarmaí Tagartha**

Tá na Téarmaí Tagartha molta le cur faoi bhráid cruinniú iomlánach den Choimisiún in Eanáir 2007.

**Coiste ar Chiníochas:**

**1 Eanáir go 2 Samhain 2006**

**Baill**

Michael Farrell (Tionólaí), Nuala Kelly, Martin Collins, Maurice Manning, Fionnuala Ní Aoláin, Tom O'Higgins

**Téarmaí Tagartha**

1. Cuirfidh sé i bhfeidhm beartas an IHRC maidir le cur i gcoinne ciníochais agus tacaíocht d'idirchultúrachas mar atá leagtha amach i bPlean Straitéiseach an Choimisiúin agus san aighneacht don Ghrúpa Stiúrtha ar Phlean Náisiúnta i gcoinne Ciníochais (NAPAR), agus é ag obair i gcomhpháirt nuair is féidir le comhlachtaí reachtúla eile sa réimse seo agus le comhlachtaí a dhéanann ionadaíochta ar ghrúpaí eitneacha mionlaigh

2. Déanfaidh sé moltaí don Choimisiún d'fhonn a bheartas ar chiníochas agus ar idirchultúrachas a fhorbairt

3. Leanfaidh sé ag obair le comhlachtaí reachtúla agus neamh-reachtúla i dtreo forbairt agus cur i bhfeidhm an NAPAR. Is é an bonn a bheidh ag obair an Choiste sa réimse seo ná aighneacht an Choimisiúin don Ghrúpa Stiúrtha ar NAPAR

4. Coinneoidh sé na gnéithe sin de dhlí an imirce agus na dídine a imríonn tionchar ar shaincheisteanna an chiníochais agus an idirchultúrachais faoi athbhreithniú (d'fhéadfadh an Coiste tús a chur leis an obair seo ach de bharr an méid reachtaíochta agus an líon gníomhaireachtaí atá i gceist, d'fhéadfadh grúpa oibre ar leith a bheith ag teastáil chun taighde a dhéanamh sa réimse seo agus chun moltaí a chur i dtoll a chéile)

5. Beidh ról aige i bpoibliú agus i gcur chun cinn caighdeáin chearta an duine atá ábhartha do shaincheisteanna i ndáil le ciníochas agus modhanna chun monatóireacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na gcaighdeán sin, ag díriú ach go háirithe ar an Lucht Siúil, lucht iarrtha tearmainn, oibritheoirí imirce, teifigh agus go ginearálta Éireannaigh a bhfuil cúlraí eitneacha éagsúla acu

6. Feidhmeoidh sé mar ionadaithe an Choimisiúin nó tarmligfidh sé roinnt dá Bhaill chun gníomhú mar ionadaithe an Choimisiúin ar an bhFo-Choiste ar Chiníochas de chuid Comhchoiste an Choimisiúin agus an NIHRC

**Coiste ar Chiníochas, Gainneáil & Imirce**

**An 2 Samhain comhcuimsíodh an Coiste ar Chiníochas agus athainmníodh é mar seo:**

Coiste ar Chiníochas, Gainneáil & Imirce:

**Baill**

Michael Farrell (Tionólaí), Suzanne Egan, Rosemary Byrne, Helen O'Neill, Tom O'Higgins, Alice Leahy

**Téarmaí Tagartha**

Mar atá thuas

**Coiste *Ad Hoc* ar Aistriú Úrghnách**

**1 Eanáir go 2 Samhain 2006**

Coiste *Ad Hoc* ar Aistriú Úrghnách: (Bunaithe ag an 53ú seisiún iomlánach 15 Nollaig 2005)

**Baill**

Michael Farrell, Suzanne Egan, Gerard Quinn, Maureen Harding Clark

**Téarmaí Tagartha**

Cáipéis de chuid an Choimisiúin a thabhairt ar

aird le haghaidh síniú an Uachtaráin agus ansin í a chur ar aghaidh ag an Rialtas

## Coiste *Ad Hoc* ar an bPlean Straitéiseach

**2 Samhain go 31 Nollaig 2006:**

**Baill**

Katherine Zappone (Tionlólaí), Maurice Manning, Alpha Connelly, William Binchy, Tom O'Higgins, Lia O'Hegarty

**Téarmaí Tagartha**

Teacht ar chomhaontú maidir le modheolaíocht agus creat ama don Phlean Straitéiseach

## AGUISÍN 3

### Tinreamh an Uachtaráin ag Eachtraí Oifigiúla in 2006

**Aoine 24 Feabhra**
**FLAC** seoladh *Public Interest Law in Ireland – the Reality and the Potential*

**Céadaoin 1 Márta**
athbhreithnithe leabhar an **Irish Catholic–** *Eoin O'Duffy: A Self-Made Hero le Fearghal McGarry,* agus *Seán MacBride: That Day's Struggle, A Memoir 1904–1921*

**Déardaoin 9 Márta**
**NWCI** seoladh feachtais Chomhairle Náisiúnta na mBan d'fhonn Diúltú roimh Dúshaothrú Gnéasach Ban le linn an Choirn Domhanda 2006

**Máirt 13 Márta**
**ISE** (Oráid ar Chearta an Duine)

**Máirt 21 Márta**
**Speaking Note/Nóta Labhartha** ag Ceiliúradh na hAfraice Theas do Lá Chearta an Duine

**Céadaoin 22 Márta**
**Scoil Dlí UL** ag Ollscoil Luimnigh, Scoil Dlí ar Institiúidí Chearta an Duine

**Tues 4 – Mon 10 Aibreán**
**Leosóto agus an tSaimbia**

**Aoine 12 Bealtaine**
**Lanúineacha *De Facto*** Nóta labhartha den taighde a bhí coimisiúnaithe *Cearta Lanúineacha* De Facto

**Luan 22 Bealtaine**
**BIOA** Cumann Fear an Phobail na Breataine agus na hÉireann *A Perspective from the Island of Ireland*

**Aoine 2 Meitheamh**
**Lua** lua Paul Rusesabagina
Bronnadh oinigh de Dhochtúir Dlíthe

**Satharn 10 Meitheamh**
**New Ireland Group** Oráid ag an New Ireland Group, Crescent Hotel, Béal Feirste

**Déardaoin 15 Meitheamh**
**NDA** Focail oscailte ag Capacity and the Convention Seimineár de chuid an NDA ar Dhréacht-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chosaint agus ar Chur Chun Cinn Cearta agus Dínit Daoine a bhfuil Míchumas acu

**Luan 26 Meitheamh**
**SPIRASI** Nóta Labhartha ag Longa Arda in aghaidh an Chéasta

**Satharn 9 Meán Fómhair**
**Cumann na Breataine-na hÉireann**

**Déardaoin 14 Meán Fómhair**
**Athbhreithniú Leabhair**

**Satharn 23 Meán Fómhair**
**Cumann Bodhar na hÉireann** ag *Reclaiming our Language* Seimineár Náisiúnta de chuid Chumann Bodhar na hÉireann

**Tues 26 – Sat 30 Meán Fómhair**
**an Aithin**

**Luan 2 Deireadh Fómhair**
**Comhdháil Age Action** Cearta agus Teidlíochtaí Daoine Scothaosta *Ról Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine*

**Máirt 10 Deireadh Fómhair**
**AHEAD – UCD**

**Déardaoin 12– Luan 16 Deireadh Fómhair**

**Taiwan** *Establishing a New National Human Rights Institution The Irish Experience 2000–2006* oráid a tugadh don Chomhdháil Idirnáisiúnta ar Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine

**Céadaoin 18 Deireadh Fómhair**

**Sláinte Phoiblí na hÉireann, Cairlinn**

**Satharn 21 Deireadh Fómhair**

**Comhdháil Bhliantúil Amnesty** Establishing a New Human **National Human Rights Institution – The Irish Experience 2000–2006** speech Comhdháil Bhliantúil Amnesty International Cill Chainnigh

**Aoine, 20 Deireadh Fómhair**

**Comhdháil Lift Off, Belfast**

**Luan 23 – Satharn 28 Deireadh Fómhair**

**An Bholaiv** 8ú Comhdháil Idirnáisiúnta d'Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine i gcóir Cosaint agus Cur Chun Cinn Chearta an Duine 'Imirce, Cearta an Duine agus Forbairt'

**Céadaoin 1 Samhain**

**Seoladh:** Leabhar Oidhreachta Ceatharlach

**Céadaoin 8 Samhain**

**Seoladh: Leabhrán** *Human Rights and One Parent families by One Family*

**Máirt 14 Samhain**

**UCD** Céim Oinigh Dlí– Lua Denis O'Brien

**Céadaoin, 15 Samhain**

**Léacht Brian Walsh**

**Déardaoin 16 Samhain**

**An Currach** Léacht an Airm

**Máirt 28 Samhain**

**Parlaimint na hEorpa – An Bhruiséil**
Aighneacht don *Choiste Sealadach ar Aistriú Úrghnách* de chuid Parlaimint na hEorpa

**Mon 4 – Wed 6 Nollaig**

**An Róimh** Saotharlann ar Bhunú Institiúid Náisiúnta um Chearta an Duine san Iodáil

**Luan 11 Nollaig**

**Lá Bliantúil um Chearta an Duine** Réamhrá don Ollamh W Alford Who speaks for Whom? – China, Disability and Rights

**Céadaoin 14 Nollaig**

**Nóta Labhartha:** Comhcoiste ar Ghnóthaí na hEorpa

**Aoine 15 Nollaig**

**Airteagal** i gcóir a fhoilsithe i Nuachtán Ghluaiseacht na hEorpa

## AGUISÍN 4

### Óráidí agus Cuir i Láthair an Phríomhfheidhmeannaigh in 2006

**13 Aibreán 2006**
Tuairisc béil ar an seisiún deireannach de chuid an Coiste *Ad Hoc* ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta ar Chosaint agus ar Chur Chun Cinn Cearta agus Dínit Daoine le Míchumas ag an gcruinniú bliantúil de Choiste Idirnáisiúnta Comhordaithe sa nGinéiv, an Eilvéis

**14 Deireadh Fómhair 2006**
Oráid tionscnaimh ag an gComhdháil Chomhpháirteach Bhliantúil ar *Achieving Rights Based Child Labour*, a d'eagraigh an Cumann Dlí, an IHRC agus an Ombudsman do Leanaí

**11 Nollaig 2006**
Freagra don Léacht do Lá Idirnáisiúnta um Chearta an Duine a thug an tOllamh Alford, Leas- Déan d'Ollscoil Harvard – *Who Speaks for Whom; China, Disability and Rights*

### Cuir i Láthair:

**25 Eanáir 2006**
*The Incorporation of the European Convention on Human Rights into Irish Law,* léacht do mhic léinn ag Dlí Chumann Corpraithe na hÉireann

**15 Feabhra 2006**
*The IHRC and the CERD Committee,* Seimineár Foirne, Dámh an Dlí, Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh

*The Impact of the IHRC's Observations on Legislative Proposals,* cur i láthair do mhic léinn LLM de chuid Dámh an Dlí, OÉ, Gaillimh agus Ionad na hÉireann do Chearta an Duine

**29 Bealtaine 2006**
*Using Human Rights Standards as a Basis for Increased Participation,* spreagaitheasc don chéad chomhdháil náisiúnta den Pháirtnéireacht de Phobail Nua

**26 Meitheamh 2006**
*Introduction to the UN Human Rights System,* ag cúrsa cónaitheach seachtaine ar Chearta Eacnamaíoch, Sóisialta & Cultúrtha – Ag Díriú ar Mhná, eagraithe i gcomhpháirt ag an IHRC agus Comhghuaillíocht Chearta an Duine na mBan, Gaillimh, 26–30 Meitheamh.

**9–10 Lúnasa 2006**
Dhá chur i láthair do Shaotharlann UN/IPA i ndail le Coimisiún Náisiúnta um Chearta an Duine san Iaraic do Coiste um Chearta an Duine de chuid Parlaimint na hIaraice, an Ghinéiv, an Eilvéis:

*Examples of legislative provisions on the establishment, mandate, composition and structure of a national human rights institute ;* agus *Advisory and promotional roles of national human rights institutions, with particular reference to the Irish Human Rights Commission*

**27–29 Meán Fómhair 2006**
Seisiún Oibre I: Ról na nInstitiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine ó thaobh monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm breithiúnas de chuid Cúirt na hEorpa um Chearta an Duine. What NHRIs do, ag an 4ú Cruinniú Comhstádais d'Institiúidí Náisiúnta na hEorpa i gcóir Chur Chun Cinn agus Cosaint Chearta an Duine agus an 6ú cruinniú réigiúnach de ghrúpa na hEorpa d'institiúidí náisiúnta, an Aithin, an Ghréig

**23–24 Samhain 2006**
*NIs and the Reporting Process during the Treaty Body Session* ag an gCruinniú Comhstádais ar Ról Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine sa Phróiseas Chreat an Chonartha, a d'eagraigh Institiúid na Gearmáine um Chearta an Duine, Institiúid na Danmhairge um Chearta an Duine agus Oifig an Ard-Choimisinéir do Chearta an Duine de chuid an UN, Beirlín, an Ghearmáin.

## Foilseacháin:

**Eanáir 2006**

'IHRC Research on Economic, Social and Cultural Rights'. Eagrán an Eanáir de *Just News – Human Rights in Northern Ireland*. Bullaitín de chuid an Choiste ar Riaradh an Cheartais.

## Aguisín 5

**Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine
Struchtúr Tuairiscithe Foirne**

- Príomhfheidhmeannach — **ALPHA CONNELLY**
  - Cásoibrí Sinsearach — **DES HOGAN**
    - Cásoibrí Cúnta — **GERRY FINN**
  - Oifigeach Sinsearach Reachtaíochta & Athbhreithnithe Polasaí — **LIAM HERRICK**
    - Oifigeach Cúnta Reachtaíochta & Athbhreithnithe Polasaí — **ROISIN HENNESSY**
  - Oifigeach Sinsearach Feasachta um Chearta an Duine — **MARY RUDDY**
  - Riarthóír Ginearálta — **GAVIN McSPADDEN**
    - Oifigeach Cléireachais — **TRISH MURPHY**
    - Oifigeach Cléireachais — **LESLEY O'NEILL / NIALL DOHERTY**
    - Oifigeach Deisce — **TEUTA BYTYQI-FORDE**
  - Riarthóir (Airgeadas & Acmhainní Daonna) — **DAVID CAROLAN**